ervia

# Tuarascáil Bhliantúil Deiridh agus Ráitis Airgeadais 2024



# Clár Ábhair

**Tuairisc Straitéiseach**

Tuarascáil an Chathaoirligh agus an Phríomhoifigigh Feidhmiúcháin 02
Athbhreithniú ar an mBainistíocht Oibriúcháin, Airgeadais agus Riosca 04

**Tuairisc Rialachais**

An Bord 06
Tuarascáil an Bhoird 09
Tuarascáil an Choiste um Iniúchóireacht agus Riosca 20

**Ráiteas Airgeadais**

Tuarascáil an Iniúchóra Neamhspleách chuig Comhaltaí Ervia 24
Ráiteas Ioncaim 26
Ráiteas faoi Ioncam Cuimsitheach Eile 27
Clár Comhardaithe 28
Ráiteas faoi Athruithe sa Chothromas 29
Ráiteas ar Shreafaí Airgeadais 30
Nótaí a ghabhann leis na Ráitis Airgeadais 31

# Tuarascáil an Chathaoirligh agus an Phríomhoifigigh Feidhmiúcháin



**Kevin Toland**
Cathaoirleach



**Cathal Marley**
Príomhfheidhmeannaigh

Tá áthas orainn Tuarascáil Bhliantúil deiridh Ervia a chur i láthair, don tréimhse go dtí gur díscaoileadh é an 1 Meitheamh 2024, i ndiaidh a fheidhmeanna, a shócmhainní agus a dhliteanais a aistriú chuig Líonraí Gáis Éireann, de réir an Achta Gáis (Leasú) agus Forálacha Ilghnéitheacha 2024. Ba é díscaoileadh Ervia an chéim dheireanach sa phróiseas chun Ervia a chomhtháthú i Líonraí Gáis Éireann.



## Tuarascáil an Chathaoirligh agus an Phríomhoifigigh Feidhmiúcháin (ar lean)

### Réamhrá agus Scóip na Tuarascála Bliantúla

Tá áthas orainn Tuarascáil Bhliantúil deiridh Ervia a chur i láthair, don tréimhse go dtí gur díscaoileadh é an 1 Meitheamh 2024, i ndiaidh a fheidhmeanna, a shócmhainní agus a dhliteanais a aistriú chuig Líonraí Gáis Éireann, de réir an Achta Gáis (Leasú) agus Forálacha Ilghnéitheacha 2024 ("an tAcht"). I dTuarascáil Bhliantúil deiridh Ervia, a ullmhaíodh de réir alt 18 den Acht, clúdaítear feidhmeanna, gníomhaíochtaí agus ráitis airgeadais an chomhlachta reachtúil Ervia atá díscaoilte. Foilseoidh Líonraí Gáis Éireann, an fhochuideachta oibriúcháin a bhí ar lánúinéireacht Ervia roimhe seo, a Thuarascáil Bhliantúil 2024 in 2025, ina leagfar amach a fheidhmeanna, a ghníomhaíochtaí agus a ráitis airgeadais le haghaidh na bliana féilire 2024. Tá Tuarascáil Bhliantúil Ghrúpa Ervia 2023, arna faomhadh ag Bord Ervia an 29 Aibreán 2024, ar fáil ar shuíomh gréasáin Líonraí Gáis Éireann.

Ba é díscaoileadh Ervia an chéim dheireanach sa phróiseas chun Ervia a chomhtháthú i Líonraí Gáis Éireann, i ndiaidh scaradh Uisce Éireann ó Ervia an 1 Eanáir 2023. Le hullmhú don chomhtháthú, le linn 2022, aistríodh gach feidhm oibriúcháin láraithe a sholáthair Ervia roimhe seo chuig Líonraí Gáis Éireann, agus ina dhiaidh sin, d'fheidhmigh Ervia go príomha mar eintiteas sealbhaíochta do Líonraí Gáis Éireann. Lena chois sin, cuireadh "struchtúr scátháin" i bhfeidhm i mí Eanáir 2023, trínar ceapadh gach comhalta boird de chuid Ervia mar stiúrthóirí ar Líonraí Gáis Éireann, chun aistriú réidh iar-chomhtháthaithe socruithe rialachais a chinntiú.

Agus an gharsprioc Ervia a chomhtháthú i Líonraí Gáis Éireann an 1 Meitheamh 2024 á sroicheadh againn, tá áthas orainn a thuairisciú gur lean Bord Ervia le linn na tréimhse le maoirseacht maidir le forbairt, monatóireacht agus cur chun feidhme straitéis Líonraí Gáis Éireann a sholáthar. Chomh maith leis sin, lean Bord Ervia le tús áite a thabhairt do rialachas corparáideach ar aon dul le dea-chleachtas, rialachán atá ag teacht chun cinn, beartas an Rialtais agus trédhearcacht, mar atá leagtha amach go mion i dTuarascáil an Bhoird.

Leis an leanúnachas i mballraíocht bhoird Líonraí Gáis Éireann, i ndiaidh dhíscaoileadh Ervia, cinnteofar fócas agus móiminteam soiléir leanúnach maidir le cuspóirí straitéiseacha Líonraí Gáis Éireann a bhaint amach.

### Inbhuanaitheacht

Tá ról Ervia maidir le todhchaí fuinnimh inacmhainne ghlan a sholáthar do mhuintir na hÉireann trí líonra Líonraí Gáis Éireann a dhícharbónú agus astaíochtaí a laghdú sna hearnálacha ar fad i sochaí na hÉireann ríthábhachtach. Le linn na tréimhse, lean Bord Ervia, trí Líonraí Gáis Éireann, le tús áite a thabhairt don inbhuanaitheacht agus lena leabú ar fud ár ngnólachta.

### Buíochas

Ba mhaith linn buíochas a ghabháil leis na hairí agus leis na hoifigigh sa Roinn Tithíochta, Rialtais Áitiúil agus Oidhreachta agus sa Roinn Comhshaoil, Aeráide agus Cumarsáide as a gcúnamh agus a dtacaíocht leanúnach le linn na tréimhse. Ba mhaith linn ár mbuíochas a ghabháil leis na hoifigigh ag NewERA freisin a dtéimid i gcomhairle leo maidir le saincheisteanna rialachais ar bhonn rialta. Lena chois sin, ba mhaith linn aitheantas a thabhairt don obair fhairsing atá déanta ag na hoifigigh sa Roinn Tithíochta, Rialtais Áitiúil agus Oidhreachta chun an próiseas díscaoilte a éascú.

Mar Chathaoirleach, ba mhaith liom freisin mo bhuíochas a ghabháil le mo chomh-chomhaltaí Boird, leis an bhFoireann Feidhmiúcháin agus leis an bhfoireann as a dtacaíocht le linn na tréimhse. Ba mhaith liom freisin mo bhuíochas a ghabháil le Joe O' Flynn, a d'éirigh as Bord Líonraí Gáis Éireann i ndiaidh dhíscaoileadh Ervia, as an obair shuntasach a rinne sé le linn a thréimhse mar chomhalta de Bhord Ervia.

**Kevin Toland**
Cathaoirleach

**Cathal Marley**
Príomhfheidhmeannaigh

# Athbhreithniú ar an mBainistíocht Oibriúcháin Airgeadais agus Riosca

## Buaicphointí Oibriúcháin

Le hullmhú do chomhtháthú Ervia i Líonraí Gáis Éireann, le linn 2022, aistríodh gach feidhm oibriúcháin láraithe a sholáthair Ervia roimhe seo chuig Líonraí Gáis Éireann, lena n-áirítear na fostaithe gaolmhara ar fad. As sin amach, d'fheidhmigh Ervia go príomha mar eintiteas sealbhaíochta, ag soláthar rialachais agus maoirseacht boird, dá fhochuideachta oibriúcháin ar lánúinéireacht, Líonraí Gáis Éireann. Le linn na tréimhse, bhí an príomhról ag Ervia fós maidir le rialachas agus maoirseacht boird a sholáthar. Áireofar Athbhreithniú Oibriúcháin Líonraí Gáis Éireann le haghaidh na bliana féilire 2024, ina Thuarascáil Bhliantúil 2024, a fhoilseofar i lár 2025.

## Buaicphointí Airgeadais

Baineann na ráitis airgeadais sa tuarascáil bhliantúil le comhlacht reachtúil Ervia, agus é sin amháin agus ní áirítear leo Líonraí Gáis Éireann. Mar gheall ar a phríomhról rialachas agus maoirseacht boird a sholáthar, níor thabhaigh Ervia ach idirbhearta airgid teoranta, lenar bhain glan-idirbhearta airgid oibriúcháin dar luach €169,000 le linn na tréimhse.

Sholáthair Ervia brabús roimh cháin de €44m le linn na tréimhse sular díscaoileadh é, mar gheall go príomha ar dhíbhinn neamhairgid de €44m arna dhearbhú ag a fhochuideachta oibriúcháin, Líonraí Gáis Éireann. Mar a leagtar amach i nóta 2 de na ráitis airgeadais, bhí an díbhinn infhaighte ó Líonraí Gáis Éireann fós gan íoc, sular díscaoileadh Ervia.

## Díbhinní

Bhí beartas díbhinní Ervia, mar a comhaontaíodh leis an Rialtas, bunaithe ar 45% de bhrabús coigeartaithe na bliana roimhe sin. I gcomhréir leis an mbeartas sin, d'fhaomh an Bord dearbhú díbhinne bliantúla dar luach €44m, i mí an Mhárta 2024. Mar a leagtar amach i nóta 2 de na ráitis airgeadais, bhí an díbhinn is iníoctha leis an Rialtas fós gan íoc, sular díscaoileadh Ervia agus d'íoc Líonraí Gáis Éireann an dliteanas ina dhiaidh sin an 28 Meitheamh.

## Aistriú chuig Líonraí Gáis Éireann – 1 Meitheamh 2024

De bhun an Achta Gáis (Leasú) agus Forálacha Ilghnéitheacha 2024, an 1 Meitheamh 2024, aistríodh sócmhainní agus dliteanais uile Ervia a bhí fágtha chuig Líonraí Gáis Éireann, mar a leagtar amach i nóta 2(ii) de na ráitis airgeadais. Cuimsíodh sna glansócmhainní aistrithe dar luach €27m go príomha sócmhainn sochair scoir IAS 19 de €28m, dliteanas cánach iarchurtha gaolmhar de €3m agus iarmhéideanna airgid de €2m.

## Forléargas ar an mBainistíocht Riosca

Tá struchtúr rialachais i bhfeidhm ina gcuimsítear próiseas cuimsitheach bainistíochta riosca chun na príomhrioscaí agus na príomh-éiginnteachtaí a d'fhéadfadh tionchar a imirt ar ár gcumas ár gcuspóirí straitéiseacha a bhaint amach a shainaithint, a bhainistiú, monatóireacht a dhéanamh orthu agus dul i ngleic leo. Tá an creat bainistithe riosca, lena n-áirítear rioscaí a shainaithint, a bhainistiú agus a mhaolú go héifeachtach ina chuid lárnach dár ngníomhaíochtaí go léir. Le linn na tréimhse, bhí an tírdhreach riosca fós réasúnta seasmhach, agus bhí na príomhrioscaí agus na bearta maolaithe a glacadh i gcomhréir fós den chuid ba mhó leis na cinn a leagtar amach i dTuarascáil Bhliantúil Ervia 2023.





# An Bord[1]







### Kevin Toland (Cathaoirleach)

Ceapadh Kevin Toland ar Bhord Ervia i mí Eanáir 2023 agus bhí sé ina Chathaoirleach ar an gCoiste um Luach Saothair. Is Stiúrthóir Neamhfheidhmiúcháin/ Cathaoirleach é a bhfuil go leor taithí aige tar éis dó 30 bliain a chaitheamh i róil POF agus bhainistíochta sna hearnálacha bia, cothaithe, dí, eitlíochta agus miondíola ar fud an domhain, agus tá réimse leathan scileanna gnó agus taithí dhomhain aige ar thráchtáil, airgeadas, straitéis agus bunathrú chun feabhais agus tá dea-theist air maidir le foirne láidre a fhorbairt agus a stiúradh, rud a chuir borradh faoi fhás agus luach gnó. Tá Kevin ina Stiúrthóir Neamhfheidhmiúcháin agus ina Chathaoirleach ar an gCoiste Iniúchóireachta ag Dole cpt faoi láthair, chomh maith le bheith ina Chathaoirleach ar Invert Robotics, Cathaoirleach ar Vasorum agus Stiúrthóir Neamhfheidmiúcháin ar Bewleys Limited. Bhí Kevin ina Phríomhfheidhmeannach ar Aryzta AG roimhe seo ón mbliain 2017 go 2020 agus bhí sé ina chathaoirleach ar Identigen. Bhí ról POF aige roimhe seo ag DAA cpt, an grúpa seirbhísí aerfoirt, agus ba é Cathaoirleach ARI é ón mbliain 2013 go 2017. Agus roimhe sin arís, d'oibrigh Kevin le Glanbia cpt i roinnt ról ón mbliain 1999 go 2012, agus go háirithe bhí sé ina POF agus ina Uachtarán ar a gcuideachta Cothaithe Dhomhanda agus ar a gcuideachta Cáise i SAM, agus bhí sé ina Stiúrthóir Feidhmiúcháin ar Bhord an cpt ón mbliain 2003 go deireadh na bliana 2012. Is Comhalta é Kevin d'Institiúid Chairte na gCuntasóirí Bainistíochta agus tá Dioplóma san Airgeadas Feidhmeach aige ó Fhoras Bainistíochta na hÉireann.

### Fiona Egan

Ceapadh Fiona Egan (FCA, B.Comm) ar Bhord Ervia i mí Iúil 2022 agus bhí sí ina chomhalta den Choiste um Luach Saothair, den Choiste um Iniúchóireacht agus Riosca agus den Choiste Airgeadais agus Infheistíochta. Tá Fiona ina Stiúrthóir Bainistíochta ar Rabobank Ireland faoi láthair. Is Stiúrthóir Bainistíochta í a bhfuil go leor taithí aici agus breis agus 20 bliain caite aici ag obair mar POF, mar Bhaincéir Corparáideach agus Infheistíochta agus mar Stiúrthóir Neamhfheidhmiúcháin i roinnt ról ceannaireachta, forghníomhaithe agus rialachais. Chaith Fiona 18 mbliana ag obair le Rabobank, agus roimhe sin d'oibrigh sí le Goodbody Corporate Finance ar feadh 7 mbliana tar éis di oiliúint a fháil agus tar éis di cáiliú mar Chuntasóir Cairte le KPMG. Tá céim Baitsiléara Tráchtála ag Fiona ón gColáiste Ollscoile, Baile Átha Cliath agus tá Dioplóma sa Chuntasaíocht Ghairmiúil aici ó Scoil Ghnó Smurfit. Bhí Fiona ar Bhord grúpa meán ar mheánmhéid ón mbliain 2011 go 2018.

### Saoirse Fahey

Ceapadh Saoirse Fahey (ACA, B. Elec Eng) ar Bhord Ervia i mí Eanáir 2023 agus bhí sí ina comhalta den Choiste um Iniúchóireacht agus Riosca agus den Choiste um Shábháilteacht, Inbhuanaitheacht agus Daoine. Tá Saoirse ina Ceannasaí Airgeadais agus Straitéise ag Stripe EMEA agus APAC faoi láthair, agus do Dhíolacháin i gcás gach réigiúin. Is ceannasaí airgeadais í a bhfuil go leor taithí aici agus breis agus 20 bliain caite aici i róil cheannaireachta, forghníomhaithe agus rialachais. D'oibrigh Saoirse le Phorest Salon Software mar Phríomhoifigeach Airgeadais agus mar Phríomhoifigeach Oibriúcháin sula ndeachaigh sí ag obair le Stripe sa bhliain 2020. Chaith sí 20 bliain ag obair le Microsoft, i róil Airgeadais, Mhargaíochta, Díolacháin agus Oibriúcháin, ar fud an Domhain agus san Eoraip araon, tar éis di oiliúint a fháil agus tar éis di cáiliú mar Chuntasóir Cairte le PricewaterhouseCoopers. Tá céim Baitsiléara Innealtóireachta ag Saoirse ó Choláiste na hOllscoile, Corcaigh agus Dioplóma sa Chuntasaíocht Ghairmiúil ó Ollscoil Chathair Bhaile Átha Cliath. Tá Saoirse ar roinnt Bord ag Stripe. Rinne Saoirse roinnt Clár Forbartha Ceannaireachta i scoileanna gnó ar fud na hEorpa agus sna Stáit Aontaithe lena n-áirítear Scoil Bhainistíochta Kellogg (Chicago), Scoil Ghnó Ashridge (Londain) agus Scoil Ghnó IESE in Barcelona.

[1] D'fhaomh Bord Líonraí Gáis Éireann Tuarascáil Bhliantúil deiridh agus Ráitis Airgeadais Ervia, de bhun alt 18 den Acht Gáis (Leasú) agus Forálacha Ilghnéitheacha 2024. Bhí Stiúrthóirí Líonraí Gáis Éireann, mar a leagtar amach thuas, ina gcomhaltaí de Bhord Ervia go dtí gur díscaoileadh é an 1 Meitheamh 2024.



# An Bord (ar lean)







### Keith Harris

Ceapadh Keith Harris ar Bhord Ervia i mí Iúil 2016 agus athcheapadh ar an mBord é i mí Iúil 2019 agus i mí Iúil 2023. Bhí Keith ina Chathaoirleach ar an gCoiste um Iniúchóireacht agus Riosca, agus bhí sé ina chomhalta den Choiste Airgeadais agus Infheistíochta. Tá sé ina Stiúrthóir Boird ag South Staffordshire cpt, ina Chomhpháirtí Tionscail ag AIP Asset Management agus ina chomhlach de OXERA CDT. Is úinéir an ghnóthais comhairligh um bonneagar príobháideach é freisin, Lorraine House, a bhaineann go sonrach le hinfheistíochtaí sa ghiniúint fuinnimh agus sa dáileachán. Chaith Keith 20 bliain ag obair le Wessex Water sula raibh na poist sin aige, agus cuid den tréimhse seo caite aige mar cheannasaí domhanda Rialála le ENRON / AZURIX. Bhí roinnt post sinsearach éagsúil Feidhmiúcháin agus Boird ar leibhéil an Ghrúpa, fóntais agus neamhrialaithe aige le Wessex Water Cpt, lena n-áirítear Príomhoifigeach Airgeadais agus leas-POF.

### Sean Hogan

Ceapadh Sean Hogan ar Bhord Ervia i mí Eanáir 2015 agus athcheapadh é i mí Eanáir 2020 agus i mí Eanáir 2024.

Is Stiúrthóir Cairte é an tUasal Hogan agus bhí sé ina Chathaoirleach ar an gCoiste um Shábháilteacht, Inbhuanaitheacht agus Daoine, agus ina chomhalta den Choiste um Luach Saothair. Ba é Cathaoirleach Uisce Thuaisceart Éireann Teoranta é ó mhí an Mhárta 2011 go mí an Mhárta 2015, agus is é Cathaoirleach WRAS Teo. sa Ríocht Aontaithe faoi láthair é, agus déanann sé Cathaoirleacht ar an gcoiste saineolaithe comhairleacha um eitinn bhólachta don Roinn Talmhaíochta, Comhshaoil agus Gnóthaí Tuaithe i dTuaisceart Éireann.

### Geraldine Kelly

Ceapadh Geraldine Kelly ar Bhord Ervia i mí Dheireadh Fómhair 2021 agus bhí sí ina Cathaoirleach ar an gCoiste Airgeadais agus Infheistíochta agus ina comhalta den Choiste um Iniúchóireacht agus Riosca. Is Stiúrthóir Neamhfheidhmiúcháin í a bhfuil go leor taithí faighte aici le linn gairm bheatha rathúil idirnáisiúnta agus tá dea-theist uirthi maidir le torthaí a bhaint amach. Tá taithí os cionn 25 bliain aici ar bhoird éagsúla, ag cur le cuideachtaí rathúla in earnálacha na teicneolaíochta, an Fhuinnimh agus na Teicneolaíochta Glaine, agus tá an cumas inti straitéisí teicneolaíochta agus digiteacha a bharrfheabhsú d'fhonn réitigh ghnó inbhuanaithe a fhorbairt. Tá Geraldine ina Cathaoirleach neamhfheidhmiúcháin faoi láthair ag Accountant Online Limited. Fuair sí taithí roimhe seo mar Chathaoirleach ag Plan International Ireland agus ag Microfinance Ireland chomh maith le taithí mar stiúrthóir neamhfheidhmiúcháin ar Cenergise Energy Trading Limited, ar Gaelectric Limited agus ar Institiúid Náisiúnta Tyndall. Bhain Geraldine céim sa Mhatamaitic agus san Eacnamaíocht amach ag Coláiste na hOllscoile, Gaillimh, agus céim máistreachta san Eacnamaíocht ag an gColáiste Ollscoile, Baile Átha Cliath Tá sí ina Stiúrthóir Cairte le hInstitiúid na Stiúrthóirí agus ina Stiúrthóir Deimhnithe Bainc le hInstitiúid na Baincéireachta.

## An Bord (ar lean)





### Cathal Marley

Ceapadh Cathal Marley ar Bhord Ervia i mí Lúnasa 2020 agus bhí sé ina chomhalta den Choiste Airgeadais agus Infheistíochta. Thosaigh sé ag obair mar Phríomhoifigeach Airgeadais le Ervia sa bhliain 2016 agus ceapadh ina POF é sa bhliain 2020. Tá taithí os cionn 20 bliain aige san earnáil fóntais agus bonneagair mar a raibh róil shinsearacha aige ar fud na n-earnálacha leictreachais, uisce agus gáis. Tá MBA aige ó Scoil Ghnó Michael Smurfit, COBÁC, agus tá sé ina chomhalta d'Institiúid na gCúntasóirí Cairte, ina bhall d'Údarás Ceannais OCBÁC, ina ball de Bhord Fhoras Bainistíochta na hÉireann (IMI), agus ina chomhalta Boird de Chumann Snámha na hÉireann. D'oibrigh sé le EY i mBaile Átha Cliath agus in Oirthear na hEorpa go luath ina ghairm bheatha.

### Keara Robins

Ceapadh Keara Robins ar Bhord Ervia i mí Eanáir 2023 agus bhí sí ina chomhalta den Choiste um Shábháilteacht, Inbhuanaitheacht agus Daoine agus den Choiste Airgeadais agus Infheistíochta. Tá taithí shuntasach neamhfheidhmiúcháin ag Keara ar bhoird i gcomhlachtaí stáit, ar chistí infheistíochta fuinnimh rialáilte agus san earnáil dheonach. Bhí sí ina comhalta boird den Ghníomhaireacht Chúltaca Ola Náisiúnta (NORA) go dtí mí Lúnasa 2023 agus ina stiúrthóir neamhspleách ar Chistí Fuinnimh Domhanda 4D. D'oibrigh sí ar fud an domhain san earnáil ola agus gáis ag obair le Shell International mar innealtóir peitriliam, mar innealtóir conarthaí, agus mar innealtóir sinsearach tionscadail. D'oibrigh sí san earnáil ina dhiaidh sin mar chomhairleoir neamhspleách do Rialtais, do chuideachtaí neamhspleácha ola, d'Fhondúireachtaí agus do na Náisiúin Aontaithe ar réimse dúshlán fuinnimh. Tá sé cruthaithe aici go bhfuil taithí agus tuiscint aici ar shlabhra luacha na hearnála fuinnimh trí chéile agus suim ar leith aici sna dúshláin a bhaineann leis an aistriú glas agus le dícharbónú fuinnimh. Tá céim san innealtóireacht (BA BAI) aici ó Choláiste na Tríonóide, Baile Átha Cliath.



# Tuarascáil an Bhoird

### Ráiteas faoi Rialachas

Comhlacht reachtúil ba ea Ervia arb ann dó faoi dhlíthe na hÉireann agus ar bunaíodh é de bhun an Achta Gáis 1976 (arna leasú).

### Rialachas

Bhí Líonraí Gáis Éireann ina fhochuideachta de chuid Ervia (Bord Gáis Éireann roimhe seo) roimhe seo, corparáid reachtúil a bunaíodh leis an Acht Gáis 1976 (arna leasú). Chinn an Rialtas an 20 Deireadh Fómhair 2020, i ndiaidh scaradh Uisce Éireann (Irish Water roimhe seo) ó Ghrúpa Ervia, go ndéanfaí Ervia a chomhtháthú i Líonraí Gáis Éireann mar eintiteas aonair. Scaradh Uisce Éireann go dlíthiúil ó Ghrúpa Ervia an 1 Eanáir 2023. Comhtháthaíodh Ervia i Líonraí Gáis Éireann an 1 Meitheamh 2024 de bhun an Achta Gáis (Leasú) agus Forálacha Ilghnéitheacha 2024, a mhéid is gur aistríodh feidhmeanna, sócmhainní agus dliteanais uile Ervia ar an dáta sin chuig Líonraí Gáis Éireann agus gur díscaoileadh Ervia. Bhí Bord Ervia ("an Bord") freagrach don Aire Tithíochta, Rialtais Áitiúil agus Oidhreachta ("an tAire") as feidhmíocht fhoriomlán an Ghrúpa agus as dea-rialachas a chinntiú go dtí an dáta a díscaoileadh é.

Sa tuarascáil seo, tugtar cuntas ar an gcaoi ar chuir Ervia na prionsabail sin i bhfeidhm agus ar chloígh sé leis na forálacha infheidhme sa Chód Cleachtais chun Comhlachtaí Stáit a Rialú ("an Cód"). D'aithin Ervia go raibh dea-rialachas corparáideach ríthábhachtach chun go n-éireodh leis agus chuige sin, rinneamar athbhreithniú agus uasghrádú leanúnach ar a bheartais agus ar a nósanna imeachta d'fhonn cloí leis an dea-chleachtas. Tá Bord Líonraí Gáis Éireann sásta gur chloígh Ervia le ceanglais infheidhme an Chóid ar gach slí ábhartha ar feadh na tréimhse ón 1 Eanáir 2024 go dtí an 1 Meitheamh 2024 faoi athbhreithniú.

Mar chomhlacht reachtúil, ní raibh Ervia faoi réir fhorálacha Acht na gCuideachtaí 2014.

### Róil agus Freagrachtaí an Bhoird

Bhí an Bord freagrach as gníomhaíochtaí Ervia a threorú agus a stiúradh, gníomhaíochtaí a chuirtear chun feidhme laistigh de chreat rialuithe stuama agus éifeachtacha lena n-éascaítear measúnú agus bainistíocht riosca. Ghlac an Bord na cinntí suntasacha straitéiseacha ar fad, ag coinneáil smacht iomlán éifeachtach ar ghníomhaíochtaí Ghrúpa Ervia, agus bainistíocht laethúil á tharmligean aige chuig an bPríomhoifigeach Feidhmiúcháin agus ag a Fhoireann Feidhmiúcháin.

Ceanglaíodh ar an bPríomhoifigeach Feidhmiúcháin agus ar an bhFoireann Feidhmiúcháin an treoir straitéiseach a leagann an Bord síos a chur chun feidhme agus a chinntiú go raibh tuiscint shoiléir ag an mBord ar na príomhghníomhaíochtaí, na príomhchinntí agus na príomhthorthaí feidhmíochta, chomh maith le haon riosca suntasach a d'fhéadfadh teacht chun cinn. D'fheidhmeodh an Príomhoifigeach Feidhmiúcháin mar idirchaidreamh díreach idir an Bord agus an lucht bainistíochta.

Chuir an Bord struchtúr rialachais chorparáidigh i bhfeidhm a tharmlig údarás dá Choistí le tascanna ar leith a chur i gcrích thar a cheann, ionas go bhféadfadh sé an leibhéal ceart airde agus breithnithe a thabhairt ar na hábhair sin agus ar ábhair eile. Tá tuilleadh eolais faoi iar-Choistí an Bhoird ar fáil ar leathanaigh 12-13. Aistríodh ballraíocht agus freagrachtaí na gcoistí sin chuig Líonraí Gáis Éireann nuair a díscaoileadh Ervia an 1 Meitheamh 2024.

Dhéantaí gníomhaíocht an Bhoird agus a chuid Coistí a phleanáil gach bliain lena chinntiú go ndéantaí gnó Ghrúpa Ervia a mhaoirsiú agus a rialú go héifeachtach. Leagtar amach obair agus freagrachtaí an Bhoird i gCreat Rialachais Ervia. Áirítear leis an gcreat chomh maith ábhair atá forchoimeádta go sonrach don Bhord le cinneadh a dhéanamh, de réir mar a dhéantar achoimre orthu thíos.

I measc na míreanna seasta a breithníodh ag gach cruinniú Boird, bhí:

- Fógra maidir le haon choimhlint leasa.
- Tuarascálacha ó Choistí.
- Tuairisciú airgeadais
- Tuarascáil an Phríomhfheidhmeannaigh.
- Tuarascáil sábháilteachta

### Sceideal Foirmeálta Ábhair atá Forchoimeádta do Bhord Ervia

Áiríodh leis an Sceideal Foirmiúil Ábhar a chuirtear i leataobh don Bhord, de réir mar atá leagtha amach i gCreat Rialachais Ervia, i leith gach eintiteas grúpa, faomhadh na nithe seo a leanas:

- Beartas sábháilteachta.
- Buiséad bliantúil.
- Pleananna gnó ilbhlianta.
- Na conarthaí agus caiteachais ar fad lena mbaineann luach os cionn €10 milliún.
- Tuarascálacha Bliantúla agus Ráitis Airgeadais Bhliantúla.
- Ceapadh/baint iniúchóirí.
- Ábhair chiste.
- Athruithe suntasacha ar scéimeanna pinsin.
- Téarmaí fostaíochta na hardbhainistíochta.
- Cód Iompair Gnó.
- Beartas um Bainistíocht Riosca Fiontair, Beartas Frith-Chalaoise, Beartas um Nochtaí Cosanta, agus Beartas Frithbhreabaireachta agus Frith-Éillithe.
- Eisiúint a fhaomhadh le haghaidh comhairliúcháin i gcás doiciméid bheartais a bhfuil tábhacht straitéiseach ag baint leo.

# Tuarascáil an Bhoird (ar lean.)

## Ábhair a Bhreithnigh Bord Ervia le linn na tréimhse ón 1 Eanáir go dtí an 1 Meitheamh 2024

### Straitéis

- Treo Straitéiseach Ervia agus Líonraí Gáis Éireann.
- Comhtháthú Ervia isteach go Líonraí Gáis Éireann.
- Slándáil an tsoláthair.
- Cúltaisce Straitéise Éigeandála Gáis.
- Scórchártaí Comhordaithe 2024.
- Plé leanúnach le scairshealbhóir Ervia maidir le ceisteanna straitéiseacha.
- Straitéis chustaiméara.
- Straitéis chumarsáide.
- Rialú Praghsanna do Líonraí Gáis Éireann.
- Bith-mheatán
- Oibreoir Líonra Hidrigine.
- Straitéis Inbhuanaitheachta.
- Conair chuig Líonra Carbóin Ghlan-nialasaigh.

### Sábháilteacht

- Méadracht mhíosúil maidir le sláinte agus sábháilteacht do Ghrúpa Ervia.
- Tionscnamh maidir le feasacht mheabhairshláinte a chur i bhfeidhm.

### Oibrí-ochtaí

- Tuarascáil Oibriúcháin an Phríomhoifigigh Feidhmiúcháin lena n-áirítear Príomhtháscairí Feidhmíochta.
- Measúnuithe ar infheistíocht chaipitiúil.
- Tionscadail chriticiúla a sholáthar go sábháilte
- Rannpháirtíocht páirtithe leasmhara.
- Nuálaíocht.

### Rialachas Corpar- áideach

- Monatóireacht a dhéanamh ar chomhlíonadh an Chóid Cleachtais chun Comhlachtaí Stáit a Rialú.
- Anailís ar athbhreithniú éifeachtúlachta an Bhoird 2023.
- Bunreachtanna Athbhreithnithe do Líonraí Gáis Éireann.
- An Beartas um Nochtadh Cosanta.

### Airgeadas

- Torthaí bliantúla foilsithe.
- Torthaí míosúla trádála, lena n-áirítear feidhmiúchán i gcomparáid le buiséid agus réamhaisnéis.
- Réamhaisnéis ráithiúil.
- Díbhinní.
- Plean Gnó.

### Riosca

- Monatóireacht riosca leanúnach.
- Leagadh amach fhonn riosca.
- Athbhreithniú rialta an Choiste um Iniúchóireacht agus Riosca agus an Bhoird Cibearshlándála.

## Ráiteas Freagrachtaí Boird don Tuarascáil Bhliantúil agus do Ráitis Airgeadais

De bhun alt 18 den Acht Gáis (Leasú) agus Forálacha Ilghnéitheacha 2024, bhí Bord Líonraí Gáis Éireann freagrach as an Tuarascáil Bhliantúil agus na Ráitis Airgeadais a ghabhann léi a ullmhú, ráiteas ina dtugtar léargas fíor cothrom, dar leis an mBoird, ar staid gnóthaí agus ar bhrabús Ervia don tréimhse ón 1 Eanáir 2024 go dtí gur díscaoileadh é an 1 Meitheamh 2024. Aistríodh an fhreagracht as cothabháil agus sláine faisnéise corparáidí agus airgeadais áirithe atá ar shuíomh gréasáin na heagraíochta chuig Bord Líonraí Gáis Éireann i ndiaidh dhíscaoileadh Ervia. D'fhéadfaí nach ionann an reachtaíocht in Éirinn lena rialaítear ullmhú agus scaipeadh ráiteas airgeadais agus an reachtaíocht i ndlínsí eile. D'ullmhaigh Bord Líonraí Gáis Éireann na Ráitis Airgeadais de réir dlí is infheidhme na hÉireann agus de réir na gCaighdeán Idirnáisiúnta um Thuairisciú Airgeadais arna nglacadh ag an Aontas Eorpach. Lean Bord Líonraí Gáis Éireann lena chinntiú gur coinníodh taifid chuntasaíochta leordhóthanacha de réir na n-oibleagáidí a fhorchuirtear leis an Acht Gáis 1976 (arna leasú).

Rinneadh an fhreagracht as athbhreithniú a dhéanamh ar éifeachtúlacht an chórais rialaithe inmheánaigh, lena n-áirítear rialú bainistíochta airgeadais, oibriúcháin, comhlíontachta agus riosca agus as sin a chur in iúl don Aire, a aistriú chuig Bord Líonraí Gáis Éireann i ndiaidh dhíscaoileadh Ervia. Bhí an Bord freagrach as cosaint sócmhainní uile Ervia agus as bearta réasúnta a ghlacadh maidir le calaois agus neamhrialtachtaí eile a chosc agus a bhrath, go dtí gur díscaoileadh é an 1 Meitheamh 2024.

Agus na ráitis airgeadais á n-ullmhú, tá Bord Líonraí Gáis Éireann sásta maidir leis an méid seo a leanas:

- Gur roghnaíodh beartais chuntasaíochta oiriúnacha agus gur cuireadh i bhfeidhm go comhsheasmhach iad.
- Go n-úsáidtear breithiúnais agus meastacháin atá stuama réasúnta.
- Go bhfuil sé oiriúnach nár ullmhaíodh na Ráitis Airgeadais ar choincheap an ghnóthais leantaigh.
- Go dtugtar léargas fíor cothrom sna Ráitis Airgeadais ar staid airgeadais Ervia don bhliain faoi athbhreithniú.



# Tuarascáil an Bhoird (ar lean.)

## Bord Ervia

Bhí Stiúrthóirí Líonraí Gáis Éireann, an dáta a faomhadh Tuarascáil Bhliantúil deiridh agus Ráitis Airgeadais Ervia, mar a leagtar amach ar leathanaigh 6-8, ina gcomhaltaí den Bhord go dtí gur díscaoileadh é an 1 Meitheamh 2024.

### Comhdhéanamh an Bhoird

Ba cheist don Aire é comhdhéanamh an Bhoird le cead ón Rialtas. Ba é an tAire a dhéanadh na cinntí maidir le comhaltaí Boird a cheapadh agus a athcheapadh ar aon dul leis na Treoirlínte maidir le Ceapacháin ar Bhoird Stáit, mar a d'fhoilsigh an Roinn Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe. D'oibrigh an Cathaoirleach leis an Aire roimh cheapacháin ar an mBord maidir le haird a tharraingt ar na scileanna sonracha agus an taithí a theastaíonn ar an mBord.

Bhí meascán scileanna agus taithí, agus an cumas riachtanach chun tacú le cinnteoireacht éifeachtach ag na Comhaltaí Boird.

Ba é an Cathaoirleach, Kevin Toland, a bhí i gceannas ar an mBord, agus is eisean a bhí freagrach as a éifeachtúlacht maidir le gnéithe uile a róil a chinntiú. Bhí Rúnaí na Cuideachta freagrach as a chinntiú go gcomhlíonfaí nósanna imeachta an Bhoird agus as comhairle a chur ar an mBord, tríd an gCathaoirleach, faoi chúrsaí rialachais i gcoitinne.

### Ionduchtú agus Forbairt Chomhaltaí Nua Boird

Ar cheapadh dóibh, cuireadh doiciméid mhionsonraithe eolais a bhaineann le rialachas, airgeadas agus oibríochtaí ar fáil do na Comhaltaí Boird, agus tugadh deis dóibh eolas a fháil ón bhFoireann feidhmiúcháin ar ghnéithe éagsúla de ghnó an Ghrúpa.

Bhí rochtain ag Comhaltaí Boird ar chláir oiliúna agus dhéantaí athbhreithniú leanúnach ar a riachtanais forbartha.


### Neamhspleáchas

Tá Bord Líonraí Gáis Éireann sásta go raibh a chuid comhaltaí neamhfheidhmiúcháin Boird neamhspleách ar an lucht bainistíochta, ó thaobh carachtair agus breithiúnais de, agus saor ó chaidreamh nó ó chúinsí a d'fhéadfadh tionchar a bheith acu, nó a d'fhéadfadh go ndealródh sé go bhfuil tionchar acu, ar a mbreithiúnas agus a gcumas chun freastal ar riachtanais an róil. Thug gach comhalta Boird a bhreithiúnas neamhspleách féin ar shaincheisteanna straitéise, feidhmiúcháin, acmhainní agus caighdeán iompraíochta. Ceanglaíodh ar na comhaltaí Boird aon leas nó caidreamh a fhógairt a d'fhéadfadh tionchar a bheith aige ar chleachtadh a mbreithiúnais neamhspleách. Ba mhír sheasta ar an gclár do gach cruinniú Boird agus Coiste é dearbhú maidir le haon choinbhleachtaí leasa.

### Luach Saothair, Tinreamh agus Costais Comhaltaí Boird


Ba é an tAire a shocraigh na táillí is iníoctha le comhaltaí Boird. Tá sceideal freastail ar chruinnithe Boird agus Coistí don tréimhse ón 1 Eanáir 2024 go dtí gur díscaoileadh an Bord ar an 1 Meitheamh 2024 leagtha amach thíos, lena n-áirítear na táillí agus na speansais a fuair gach comhalta sa tréimhse sin. Léirítear sa tábla na táillí agus freastal na gcomhaltaí Boird a bhí ar an mBord le linn na bliana faoi athbhreithniú.

Inscne an Bhoird





- Fir
- Mná

Comhaltaí Boird feidhmiúcháin agus neamhfheidhmiúcháin




- Neamhfheidhmiúcháin
- Feidhmiúchán

Téarma Chomhalta Neamhfheidhmiúcháin Boird




- 0-3 bliana
- 3+ bliana

# Tuarascáil an Bhoird (ar lean.)

| Comhalta Boird | Luach saothair (€) | Costais (€) | Bord (ar freast-alaíodh orthu/ incháilithe) | Iniúchóireacht agus Riosca (ar freast-alaíodh orthu/ incháilithe) | Luach saothair (ar freastalaíodh orthu/ incháilithe) | Airgeadas agus Infheistíocht (ar freastalaíodh orthu/ incháilithe) | Sábháilteacht, Inbhuanaitheacht agus Daoine (ar freastalaíodh orthu/ incháilithe) |
|---|---|---|---|---|---|---|---|
| Kevin Toland (Cathaoirleach Boird agus Cathaoirleach an Choiste um Luach Saothair) | 13,125 | 17 | 5/5 | - | 3/3 | - | - |
| Fiona Egan | 6,563 | | 5/5 | 1/1 | 3/3 | 5/5 | - |
| Geraldine Kelly (Cathaoirleach an Choiste Airgeadais agus Infheistíochta) | 6,563 | | 5/5 | 1/1 | - | 5/5 | - |
| Joe O'Flynn (d'éag a théarma oifige an 21 Meitheamh 2024) | 6,563 | 584 | 4/5 | - | 3/3 | - | 1/1 |
| Keith Harris (Cathaoirleach an Choiste um Iniúchóireacht agus Riosca) | 6,563 | 192 | 2/5 | 1/1 | - | 5/5 | - |
| Keara Robins | 6,563 | 1,196 | 5/5 | - | - | 5/5 | 1/1 |
| Saoirse Fahey | 6,563 | | 5/5 | 1/1 | - | - | 1/1 |
| Sean Hogan (Cathaoirleach an Choiste um Shábháilteacht, Inbhuanaitheacht agus Daoine) | 6,563 | 464 | 5/5 | - | 3/3 | - | 1/1 |
| *Cathal Marley (POF) | Nóta 1 | - | 5/5 | - | - | 5/5 | - |

* Nóta 1 – Ní bhfuarthas táille Boird de réir na dTreoirlínte maidir le Conarthaí, Luach Saothair agus Coinníollacha Eile do Phríomhoifigigh Feidhmiúcháin agus Bainistíocht Shinsearach Comhlachtaí Tráchtála Stáit.

## Éifeachtacht agus Measúnú an Bhoird agus na gCoistí

Rinne an Bord measúnú bliantúil ar a fheidhmíocht féin agus ar fheidhmíocht a Choistí. Bhain an measúnú le feidhmíocht an Bhoird agus na gCoistí le chéile. Is mar seo a leanas na modheolaíochtaí measúnaithe a chuir an Bord i bhfeidhm chun a éifeachtacht a chinneadh:

| | |
|---|---|
| **Measúnú Inmheánach** | • Scaipeadh ceistneoir Féinmheasúnaithe an Bhoird, arna sholáthar sa Chód, ar an mBord. Sa cheistneoir, rinneadh anailís ar an meascán ar an mBord idir inscne, éagsúlacht agus scileanna, bunaithe ar an Aguisín leis an gCód maidir le Cothromaíocht Inscne, Éagsúlacht, Cothromas agus Ionchuimsiú. Sna ceistneoirí líonta, bhí tuairimí maidir le feidhmiúchán agus moltaí maidir le feabhsúchán. Rinne an Bord cinneadh foirmiúil maidir lena fheidhmíocht féin, maidir le feidhmíocht na gCoistí, agus feidhmíocht an Chathaoirligh, an POF agus Rúnaí na Cuideachta. |
| **Meastóireacht Sheachtrach** | • D'fhonn forálacha an Chóid a chomhlíonadh, tugtar faoi mheastóireacht sheachtrach feidhmíochta ar an mBord agus a Choistí gach 3 bliana. Éascaíodh meastóireacht sheachtrach sa bhliain 2021 agus chuir an Bord torthaí na meastóireachta san áireamh in 2022. |
| **Measúnú ar Chomhaltaí Neam-hfheidhmiúcháin Boird** | • Rinne na comhaltaí neamhfheidhmiúcháin Boird measúnú feidhmíochta ar an gCathaoirleach, ag cur thuairimí an Phríomhoifigigh Feidhmiúcháin san áireamh. |

## Coistí an Bhoird

Níor tháinig aon athrú ar struchtúr rialachais foriomlán ghrúpa Ervia le linn na tréimhse ón 1 Eanáir 2024 go dtí gur díscaoileadh Ervia an 1 Meitheamh 2024. Lean Coistí Ervia le tacaíocht a thabhairt do Ervia agus dá fho-bhoird.

Bhí struchtúr éifeachtach Coistí i bhfeidhm ag an mBord d'fhonn cabhrú lena fhreagrachtaí a chomhlíonadh. Le linn na tréimhse ón 1 Eanáir 2024 go dtí gur díscaoileadh é an 1 Meitheamh 2024, thugadh ceithre Choiste de chuid an Bhoird cabhair lena fhreagrachtaí a chur i gcrích agus tharmligfeadh an Bord freagrachtaí ar leith orthu mar a leagtar amach ina dTéarmaí Tagartha.

### An Coiste um Iniúchóireacht agus Riosca

Déantar achoimre ar na gníomhaíochtaí a rinne an Coiste um Iniúchóireacht agus Riosca sa tréimhse ón 1 Eanáir 2024 go dtí gur díscaoileadh é an 1 Meitheamh 2024 i dTuarascáil an Choiste um Iniúchóireacht agus Riosca ar leathanach 20. Bhí 1 chruinniú ag an gCoiste um Iniúchóireacht agus Riosca le linn na tréimhse sin.



# Tuarascáil an Bhoird (ar lean.)

### An Coiste Airgeadais agus Infheistíochta

Bhí freagrachtaí an Choiste Airgeadais agus Infheistíochta leagtha amach ina Théarmaí Tagartha. Thionóil an Coiste Airgeadais agus Infheistíochta 5 chruinniú le linn na tréimhse ón 1 Eanáir 2024 go dtí an 1 Meitheamh 2024.

**I measc na bpríomhghníomhaíochtaí a rinne an Coiste Airgeadais agus Infheistíochta le linn na tréimhse ón 1 Eanáir go dtí an 1 Meitheamh 2024 bhí:**

- Measúnú ar thionscadal caipitil agus ar chur chuige infheistíochta.
- Cúltaisce Straitéise Éigeandála Gáis.
- Nuashonruithe maidir le tionscadail chaipitil agus meastacháin ar chostais lena mbaineann.
- Gach moladh caiteachais chaipitiúil a sháraíonn €10 milliún.
- Forléargas ar chinneadh rialaithe praghsanna OIN.
- An t-eolas is déanaí ar naisc tarchurtha.
- An t-eolas is déanaí ar rialáil beartais náisiúnta agus AE.
- Bith-mheatán.
- Oibreoir Líonra Hidrigine.
- Athbhreithnithe iarthionscadal.

### An Coiste um Luach Saothair

Bhí freagrachtaí an Choiste um Luach Saothair leagtha amach ina Théarmaí Tagartha. Thionóil an Coiste um Luach Saothair 3 chruinniú le linn na tréimhse ón 1 Eanáir 2024 go dtí gur díscaoileadh é an 1 Meitheamh 2024.

**I measc phríomhghníomhaíochtaí an Choiste um Luach Saothair in 2024, bhí:**

- Athbhreithniú ar fheidhmíocht an Fheidhmeannaigh le haghaidh 2023.
- Dul chun cinn pá.
- Feidhmíocht a shocrú agus a athbhreithniú de réir Scórchártaí Comhardaithe 2024.

### An Coiste um Shábháilteacht, Inbhuanaitheacht agus Daoine

Bhí freagrachtaí an Choiste um Shábháilteacht, Inbhuanaitheacht agus Daoine leagtha amach ina Théarmaí Tagartha. Thionóil an Coiste um Shábháilteacht, Inbhuanaitheacht agus Daoine 1 chruinniú le linn na tréimhse ón 1 Eanáir 2024 go dtí gur díscaoileadh é an 1 Meitheamh 2024.

**I measc na bpríomhghníomhaíochtaí a rinne an Coiste um Shábháilteacht, Inbhuanaitheacht agus Daoine in 2024, bhí:**

- Straitéis Inbhuanaitheachta.
- Ráiteas ar Sclábhaíocht na Linne Seo.
- Dícharbónú stáisiúin chomhbhrúiteora na hAlban.
- Athbhreithniú ar fheidhmíocht sábháilteachta agus pleananna gníomhaíochta sábháilteachta.
- Rannpháirtíocht fostaithe
- Sláinte agus sábháilteacht cheirde.

### Nochtuithe atá Riachtanach de réir an Chóid Cleachtais chun Comhlachtaí Stáit a Rialú

Aistríodh an fhreagracht as comhlíonadh Ervia maidir le ceanglais um nochtadh an Chóid chuig Bord Líonraí Gáis Éireann i ndiaidh dhíscaoileadh Ervia.

**Sochair Fostaithe:** Níor thabhaigh Ervia aon sochair fostaithe le linn na dtréimhsí tuairiscithe, seachas costais phinsin neamhairgid mar atá leagtha amach i nóta 3 de na ráitis airgeadais. Rinne Líonraí Gáis luach saothair an Phríomhoifigigh Feidhmiúcháin, mar a nochtar i nóta 3 de na ráitis airgeadais, a nochtadh go díreach agus cuimseofar é i Nochtaí um Chód Cleachtais Thuarascáil Bhliantúil Líonraí Gáis Éireann 2024.

**Costais Sainchomhairleoireachta:** Níor thabhaigh Ervia aon chostais sainchomhairleoireachta le linn na tréimhse (2023: nialas). Thabhaigh Líonraí Gáis costais theoranta go díreach thar ceann Ervia agus cuimseofar iad i nochtaí Chód Cleachtais Tuarascáil Bhliantúil Líonraí Gáis Éireann 2024.

**Costais Dhlíthiúla agus Socraíochtaí:** Níor thabhaigh Ervia aon chostais dhlíthiúla nó socraíochtaí le linn na tréimhse (2023: nialas).

**Caiteachas Taistil agus Cothaithe:** Thabhaigh Ervia speansas taistil an Bhoird dar luach €4,968 le linn na tréimhse (2023: €16,162).

**Fáilteachas:** Níor thabhaigh Ervia aon chostais fáilteachais le linn na tréimhse (2023: nialas).

### Trédhearcacht

Eagraíocht oscailte ba ea an comhlacht tráchtála stáit Ervia, a d'fhéach le bheith freagrach agus trédhearcach don phobal. Bhí Ervia tiomanta do thuiscint an phobail a fheabhsú maidir leis an dóigh a bhfeidhmíonn an eagraíocht agus maidir lenár ról ó thaobh bonneagar agus seirbhísí náisiúnta tábhachtacha a sholáthar chun tacú le forbairt shóisialta agus eacnamaíoch na hÉireann.

### Nochtaí Cosanta agus Cúis Imní a Léiriú

Bhí an sásra trína bhféadfadh fostaithe agus lucht bainistíochta Ervia ábhair imní a ardú, nó nochtaí a dhéanamh ar mhaithe le leas an phobail, de réir an Achta um Nochtadh Cosanta 2014, leagtha amach sa Bheartas um Nochtadh Cosanta. Bhí tuilleadh treorach don lucht bainistíochta agus do na fostaithe maidir le hábhair imní a ardú leagtha amach sa Chód Iompair Ghnó agus sa Bheartas Frith-Chalaoise agus sa Bheartas Frith-Bhreabaireachta agus Frith-Éillithe.

Sa tréimhse ón 1 Eanáir 2024 go dtí gur díscaoileadh é an 1 Meitheamh 2024, níor tuairiscíodh aon nochtaí cosanta de chuid Ervia. I mí Eanáir 2024, fuair Líonraí Gáis Éireann nochtadh cosanta agus tá imscrúdú maidir leis sin ar siúl.

# Tuarascáil an Bhoird (ar lean.)

### Brústocaireacht a Rialáil
Tá Ervia agus a fhochuideachta, Líonraí Gáis Éireann, cláraithe ar an gclár brústocaireachta a choinníonn an Coimisiún um Chaighdeáin in Oifigí Poiblí agus rinne siad na haighneachtaí riachtanacha do na tréimhsí tuairisceáin in 2024, i gcomhréir le riachtanais an Achta um Brústocaireacht a Rialáil 2015.

### Acht na dTeangacha Oifigiúla (2003 agus 2021)
Bhí Ervia tiomanta dá oibleagáidí uile faoi Acht na dTeangacha Oifigiúla (2003 agus 2021) a chomhlíonadh. Bhí an Ceann Cúraim Custaiméirí agus Cumarsáide ceaptha chun maoirseacht a dhéanamh ar fheidhmíocht agus tuairisciú dhualgais Ervia faoi Acht na dTeangacha Oifigiúla (2003 agus 2021). Níor thabhaigh Ervia aon chaiteachas fógraíochta le linn na tréimhse ón 1 Eanáir 2024 go dtí gur díscaoileadh é an 1 Meitheamh 2024.

### Íocaíochtaí Prasa
Bhí Ervia ina shínitheoir leis an gCód um Íocaíocht Phras, a sheol an Rialtas in 2015, agus de bhun a fhorálacha, gheall sé na soláthraithe a íoc in am, treoir shoiléir a thabhairt do sholáthraithe maidir le nósanna imeachta íocaíochta agus na soláthraithe a spreagadh an cód a ghlacadh laistigh dá slabhraí soláthair féin.

Bhí rialuithe inmheánacha airgeadais cuí i bhfeidhm in Ervia lena chinntiú go gcomhlíonfaí forálacha an Achta um Íoc Pras Cuntas 1997 agus Rialachán na gComhphobal Eorpach (Íocaíochtaí Déanacha in Idirbhearta Tráchtála) 2012-2016. Íocadh gach sonrasc nach raibh ina ábhar díospóide a fuarthas sa tréimhse ón 1 Eanáir 2024 go dtí gur díscaoileadh é an 1 Meitheamh 2024 laistigh de thréimhsí íocaíochta comhaontaithe. Nuair a dhéanadh Ervia iarratas ar íocaíocht dhéanach ó sholáthraí a bhailíochtú, ba é beartas Ervia ús a bhíodh dlite ar íocaíochtaí déanacha dá leithéid a íoc. Ní dhearnadh aon íocaíochtaí úis dá leithéid i leith íocaíochtaí déanacha le linn na tréimhse ón 1 Eanáir 2024 go dtí gur díscaoileadh é an 1 Meitheamh 2024 (2023: Nialas).

### Samhailscéimeanna Foilsithe
De réir Alt 8 den Acht um Shaoráil Faisnéise 2014, ní mór d'fhochuideachta Ervia, is é sin Líonraí Gáis Éireann, cloí leis an tsamhailscéim foilseacháin arna foilsiú ag an Roinn Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe. De réir na scéime, foilsíonn Líonraí Gáis Éireann an oiread eolais agus is féidir ar bhealach oscailte agus inrochtana lasmuigh d'iarratais Saorála Faisnéise, agus aird á tabhairt do phrionsabail na hoscailteachta, na trédhearcachta agus na cuntasachta a leagtar amach san Acht.

Tá an Scéim um Fhoilsiú do Líonraí Gáis Éireann ar fáil ar shuíomh gréasáin Líonraí Gáis Éireann.

Cé nach raibh Ervia é féin faoi réir reachtaíocht an Achta um Shaoráil Faisnéise, d'fhéach sé le prionsabal na trédhearcachta a chur i bhfeidhm agus mar sin, chloíodh sé leis an scéim eiseamláireach um fhoilsiú trí fhaisnéis ábhartha a fhoilsiú ar a shuíomh gréasáin.

## Cothromaíocht Inscne, Éagsúlacht, Cothromas agus Ionchuimsiú

Tá an eagraíocht tiomanta i gcónaí d'ionad oibre a fhorbairt ina gcuimsítear an éagsúlacht go sofheicthe, i gcás go gcaitear go cothrom le cách, agus ina bhfuil gach duine ar a s(h)uaimhneas. Bhí ár nGrúpaí Acmhainní Fostaithe ina bpríomhfhócas fós le haghaidh 2024, ag soláthar léargas luachmhar, faisnéise agus naisc dár bpobail inmheánacha ar fud réimse grúpaí sainiúla lena n-áirítear, cúrsaí teaghlaigh, cúrsaí inscne, cúrsaí eitneachais, agus cúrsaí LADT+. In 2024, thug Líonraí Gáis ár straitéis ibelong isteach ina leagtar amach príomhréimsí fócais do na 3 bliana atá amach romhainn i réimsí amhail Sealbhú Tallainne, Forbairt Gairme, Sonraí agus Cultúr.

In 2024, lenár gclár ibelong, leantar le tairiscint imeachtaí agus tionscnamh a chur ar fáil lena gceiliúrtar comhghleacaithe ar fud ár ngnólachta i gcúrsaí ÉC&C, lena dtugtar eolas díobh agus a thacaíonn leo.

In 2024, d'fhoilsíomar ár mBearna Phá idir na hInscní, don dara bliain, agus tá sé ar fáil ar shuíomh gréasáin Líonraí Gáis Éireann, agus tá ríméad orainn an laghdú beag a tuairiscíodh a fheiceáil. Leanaimid orainn le tacú le mná inár n-eagraíocht trínár gClár um Fhorbairt Tallainne a seoladh in 2023 agus a bhfuil aiseolas an-dearfach faighte againn ina leith. Thugamar roinnt Beartais nua atá dírithe ar Dhaoine isteach le linn 2024, mar thoradh díreach ar ár nGrúpaí Acmhainní Fostaithe, ina measc tá ár mBeartas Meanapáis, ár mBeartas um Laethanta Saoire Cultúrtha agus ár mBeartas um Fhoréigean Baile. Leanfaimid orainn le dul i mbun oibre i dtreo cothromas pá agus méadú ar ionadaíocht na héagsúlachta laistigh dár ngnó.



Tuarascáil an Bhoird (ar lean.)

## Ráiteas faoin gCóras Rialaithe Inmheánaigh

### Raon Freagrachta

Bhí an Bord freagrach as a chinntiú go raibh córas éifeachtach rialaithe inmheánaigh á chothabháil agus á fheidhmiú.

### Cuspóir an Chórais Rialaithe Inmheánaigh

Bhí an córas rialaithe inmheánaigh deartha le riosca a bhainistiú ionas go mbeadh an riosca ar leibhéal réasúnta seachas fáil réidh leis, agus mar sin, níor soláthraíodh leis ach cinnteacht réasúnta seachas dearbhú iomlán go raibh sócmhainní á gcosaint, go raibh idirbhearta údaraithe agus á dtaifeadadh i gceart agus go raibh earráidí nó neamhrialtachtaí ábhartha á gcosc nó á mbrath ar bhealach tráthúil. Bhí an córas rialaithe inmheánaigh de réir na treorach a d'eisigh an Roinn Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe.

### Bainistíocht Riosca agus timpeallacht rialaithe

Ba é an Príomhoifigeach Feidhmiúcháin an feidhmeannach cuntasach ag a raibh an fhreagracht deiridh as bainistíocht éifeachtach riosca, lenar cuimsíodh na córais rialaithe inmheánaigh a dhearadh agus a oibriú agus monatóireacht a dhéanamh orthu. Tharmligfeadh an Príomhoifigeach Feidhmiúcháin róil agus freagrachtaí soiléire as bainistíocht éifeachtach riosca agus as a chinntiú go n-oibreodh a Fhoireann Feidhmiúcháin agus a dtuarascálacha na córais rialaithe inmheánaigh go héifeachtach.

### Timpeallacht Riosca agus Rialaithe

Chinnteodh an Bord go raibh córais chuí rialaithe inmheánaigh na bainistíochta riosca i bhfeidhm trí úsáid a bhaint as na struchtúir agus na córais seo a leanas:

### An Coiste um Iniúchóireacht agus Riosca

Ghlac Ervia struchtúr Boird aonadach, agus ba é an Bord sin a bhí freagrach go hiomlán as rialachas Ervia agus a fhochuideachtaí, lena n-áirítear Líonraí Gáis Éireann. Tá Coistí ábhartha i bhfeidhm ar leibhéal Ghrúpa Ervia.

Bhí Coiste um Iniúchóireacht agus Riosca ("an CIR") ag Ervia ar a raibh 4 comhaltaí Boird neamhfheidhmiúcháin ag a raibh an saineolas atá riachtanach don ról. Dhéanadh an CIR maoirseacht ar an timpeallacht riosca agus rialaithe thar ceann an Bhoird, agus bhí sé freagrach as cabhrú leis an mBord a fhreagrachtaí a chomhlíonadh de réir mar a bhain siad leis an réimse sin. Gach ráithe, dhéanadh an CIR athbhreithniú substainteach thar ceann an Bhoird ar an bpróifíl riosca arna ullmhú ag an lucht bainistíochta, rud a chinntigh go ndéanfaí maoirseacht ar na príomhrioscaí agus na rioscaí a bhí ag teacht chun cinn agus go ndéanfaí athbhreithniú ar éifeachtúlacht fhreagairtí an lucht bainistíochta do na príomh-neamhchosaintí riosca a bhí os comhair Ghrúpa Ervia. Dhéanadh an CIR athbhreithniú freisin ar shláine iomlán an chórais bainistíochta riosca, lena n-áirítear éifeachtacht na bhfeidhmeanna riosca agus iniúchóireachta inmheánaí.

#### Fóram Dearbhaithe Comhtháite
Bhí an fhreagracht ar Ervia faoin gCód as a chinntiú go ndéanfaí córais éifeachtacha rialaithe inmheánaigh a chothabháil agus a fheidhmiú. Chun aghaidh a thabhairt ar an riachtanas sin, d'fhorbair Grúpa Ervia an Fóram Dearbhaithe Chomhtháite ("FDC").

Tagann an FDC le chéile gach ráithe chun gníomhaíochtaí dearbhaithe a dhearbhú agus rinneadh sínithe riachtanacha a chomhordú agus a thaispeáin ar bhealach struchtúrtha. Tugann an FDC dearbhú don Bhord maidir le héifeachtúlacht na rialuithe. Leis an bpróiseas FDC, chomh maith le roinnt gníomhaíochtaí eile rialachais, riosca agus rialaithe sa "tSamhail Trí Líne", tugtar tacaíocht do Bhord Líonraí Gáis Éireann maidir le Ráiteas Ervia ar an gCóras Rialaithe Inmheánaigh a shíniú.

#### Iniúchadh Inmheánach
Bhí feidhm sheanbhunaithe iniúchóireachta inmheánaí ag Ervia ag a raibh dóthain acmhainní agus a thug faoi chlár oibre a shocraítear leis an CIR don Ghrúpa Ervia. Tuairiscíonn Ceann na hIniúchóireachta Inmheánaí don CIR agus don Phríomhoifigeach Airgeadais.

Soláthraíonn an fheidhm Iniúchta Inmheánaigh cur chuige córasach struchtúrtha ar fáil chun éifeachtúlacht rialachas, bainistíocht riosca agus rialú inmheánach an Ghrúpa a mheasúnú agus a fheabhsú.

Feidhm an Iniúchta Inmheánaigh:

- Déanann sí meastóireacht ar nochtadh do riosca i ndáil le spriocanna straitéiseacha Líonraí Gáis Éireann a bhaint amach.
- Measúnú ar na córais a cuireadh ar bun chun comhlíonadh na mbeartas, pleananna, nósanna imeachta, dlíthe agus rialachán a áirithiú.
- Measúnú ar na modhanna atá ann chun sócmhainní a chosaint.
- Monatóireacht a dhéanamh ar éifeachtacht na bpróiseas bainistíochta riosca agus na próisis sin a mheas.
- Oibríochtaí sonracha a mheas ar iarratas ón mBord nó ón bhfoireann bainistíochta, de réir mar is cuí. Seirbhísí sainchomhairleoireachta a bhaineann le rialachas, bainistíocht riosca agus rialú a thabhairt chun críche de réir mar is cuí.

# Tuarascáil an Bhoird (ar lean.)

**Feidhm Bainistíochta Riosca**
Bhí feidhm sheanbhunaithe Bainistíochta Riosca ag Ervia ag a raibh dóthain acmhainní agus a bhí freagrach as Creat Bainistíochta Riosca Fiontair a dhearadh agus a chur i bhfeidhm, agus as a chinntiú go raibh scileanna cuí agus an taithí chuí bainistíochta riosca ar fáil, do Ghrúpa Ervia.

Déanann an fheidhm Bainistíochta Riosca na rudaí seo a leanas go háirithe:

- A chinntiú go bhfuil próisis agus maoirseacht imleor chomhsheasmhach i bhfeidhm chun na rioscaí atá os comhair Ghrúpa Ervia a shainaithint, a thomhas, a bhainistiú, a cheistiú, a thuairisciú agus monatóireacht a dhéanamh orthu.
- A chinntiú go gcoinneofar maoirseacht ar agus go ndéanfar measúnú ar phróifíl riosca Ghrúpa Ervia, lena n-áirítear príomhrioscaí, rioscaí atá ag teacht chun cinn agus rioscaí forleathana, rioscaí ardtionchair agus rioscaí lena mbaineann dóchúlacht íseal, lena n-áirítear cur síos ar na rioscaí sin, úinéireacht shoiléir agus na bearta cuí maolaithe.
- Leabaítear cultúr bainistíochta riosca cuí a leanann tuin feasachta ar riosca ó phróiseas tuairiscithe ón mbarr agus ón mbun aníos.

**Gnéithe den Timpeallacht Rialaithe**
Chomh maith leis na príomhstruchtúir dá dtagraítear thuas, dearbhaíonn Bord Líonraí Gáis Éireann go raibh timpeallacht rialaithe, ina gcuimsítear na gnéithe seo a leanas, i bhfeidhm in Ervia:

- Freagracht ar an lucht bainistíochta ar gach leibhéal as rialú inmheánach agus bainistíocht riosca.
- Creat um Rialachas Corparáideach a chuimsíonn rialú airgeadais agus measúnú riosca. Dhéanadh an fhoireann Feidhmiúcháin agus na feidhmeanna Iniúchóireachta Inmheánaí agus Riosca monatóireacht air sin.
- Struchtúr eagraíochta atá sainithe go soiléir, ina bhfuil teorainneacha sainithe údaraithe agus meicníochtaí um thuairisciú chuig leibhéil níos airde den lucht bainistíochta agus den Bhord.
- Sraith chuimsitheach beartas agus nósanna imeachta a bhaineann le rialuithe oibriúcháin agus airgeadais, caiteachas caipitiúil san áireamh. Theastódh faomhadh Bhord Ervia le haghaidh mórthionscadail chaipitiúla, agus dhéanadh Coiste Airgeadais agus Infheistíochta Ervia dlúthmhonatóireacht orthu ar bhonn leanúnach.
- Próisis sheanbhunaithe chun cineál, fairsinge agus impleacht na rioscaí gnó (lena n-áirítear riosca airgeadais) a bhí os comhair an Ghrúpa a shainaithint agus a mheasúnú, lena n-áirítear fairsinge agus catagóirí a cheapann sé a bheith inghlactha. I measc na bpróiseas eile chun rioscaí gnó a shainaithint agus a mheasúnú, dhéantaí measúnú ar an dóchúlacht go dtarlódh rioscaí aitheanta agus ar chumas Ghrúpa Ervia na rioscaí a tharlódh a bhainistiú agus a mhaolú trí bhíthin pleananna agus straitéisí lena mbaineann.
- Dealú cuí dualgas agus doiciméadú cuí nósanna imeachta agus rialuithe atá dírithe ar chalaois a chosc agus a bhrath.
- Córas buiséadaithe cuimsitheach le buiséad bliantúil arna athbhreithniú agus arna aontú ag an mBord;
- Córas cuimsitheach de thuairisciú airgeadais.
- Sraith chuimsitheach táscairí ar fhaisnéis na bainistíochta agus táscairí feidhmíochta, a dhéanfaí gach ráithe, rud a d'éascaigh monatóireacht ar dhul chun cinn de réir cuspóirí fadtéarmacha agus buiséad bliantúil.
- Polasaithe inmheánacha a éilíonn ar na fostaithe go léir a bheith ag gníomhú go hionraic agus na caighdeáin is airde a choinneáil ó thaobh na heitice de. Ar na beartais sin, bhí: an Cód Iompair, an Beartas Frith-Chalaoise, Frith-Bhreabaireachta agus Frith-Éillithe, an Beartas um Brústocaireacht a Rialáil agus an Beartas um Nochtadh Cosanta.
- Clár cuimsitheach frith-chalaoise, lena n-áirítear Beartas Frith-Chalaoise, Fhrith-Bhreabaireachta agus Firth-Éillithe, feachtas 'An rud ceart a dhéanamh' le comhráite ionracais ráithiúla, agus cláir oiliúna foirne.
- Athbhreithniú córasach ar rialuithe inmheánacha airgeadais agus oibriúcháin arna dhéanamh ag feidhm na hIniúchóireachta inmheánaí. Sna hathbhreithnithe sin, leagadh béim ar na réimsí is mó ina bhfuil riosca de réir mar a aithnítear é sin leis an measúnú riosca.
- Measúnú ar an gcreat rialaithe inmheánaigh ina dtugtar faoi mheasúnú riosca leathan, ina ndéantar athbhreithniú ar oibriú agus éifeachtúlacht na bpríomhbheartas agus príomhphróiseas rialaithe, ina ndéantar tuairisciú féinmheasúnaithe maidir le rialú inmheánach agus ina ndéantar tuairisciú ar fheidhmíocht, le tacaíocht gníomhaíochtaí dearbhaithe an Riosca, an Iniúchta Inmheánaigh agus an Iniúchta Sheachtraigh.

# Tuarascáil an Bhoird (ar lean.)

## Monatóireacht agus Athbhreithniú Leanúnach

Bhí creat láidir ag Ervia d'fhonn athbhreithniú a dhéanamh ar leordhóthanacht na rialuithe inmheánacha agus monatóireacht a dhéanamh ar a éifeachtúla a bhí siad, lena n-áirítear rialuithe airgeadais, oibriúcháin agus comhlíontachta agus próisis bainistíochta riosca.

Tá Bord Líonraí Gáis Éireann sásta go bhfuil an córas rialaithe inmheánaigh atá i bhfeidhm oiriúnach. Cuireadh bonn eolais faoi mhonatóireacht agus athbhreithniú ar éifeachtúlacht an chórais rialaithe inmheánaigh i ndáil le hobair na mbainisteoirí sa Ghrúpa a bhí freagrach as forbairt agus cothú an chreata rialaithe inmheánaigh. Cuireadh an CIR leis an obair sin, agus dhéanadh siadsan maoirseacht ar obair feidhmeanna Riosca agus Rialachais, obair Iniúchóireachta Inmheánaí agus na ráitis a rinne an t-iniúchóir seachtrach ina litreacha do bhainisteoirí agus/nó i dtuairiscí eile. Cuireadh easnaimh rialaithe in iúl dóibh siúd a bhí freagrach as beart ceartaitheach a dhéanamh agus don lucht bainistíochta agus don Bhord, nuair is cuí, ar bhealach tráthúil.

Áiríodh leis an monatóireacht leanúnach a rinne an lucht bainistíochta;

- Athbhreithniú agus breithniú a dhéanamh ar an gclár um iniúchadh inmheánach agus breithniú ar a thuarascálacha agus torthaí. Dhéanfaí an CIR athbhreithniú freisin ar an gclár Iniúchóireachta Inmheánaí
- Athbhreithniú a dhéanamh ar thuairisciú rialta ón iniúchóireacht inmheánach maidir le stádas na timpeallachta rialaithe inmheánaigh agus stádas na saincheisteanna a ardaíodh roimhe sin ina dtuarascálacha féin. Rinne an CIR athbhreithniú ar thuarascálacha freisin.
- Rannpháirtíocht na gcomhaltaí feidhmiúcháin san Fhóram Dearbhaithe Chomhtháite.
- Rannpháirtíocht sa Choiste Bainistíochta Riosca.
- Cruinnithe míosúla lenar bhain cúrsaí airgeadais, riosca, iniúchóireachta inmheánaí agus oibriúcháin.

Áiríodh leis an monatóireacht leanúnach a rinne Ervia;

- Athbhreithniú ar Phróifíl Riosca Ervia.
- Athbhreithniú agus plé ar an tuarascáil ón gCathaoirleach maidir le héifeachtúlacht oibriú na gcóras rialaithe inmheánaigh, idir airgeadas agus oibriúcháin.
- Athbhreithniú ar thuarascálacha ón iniúchóir seachtrach, ina bhfuil sonraí faoi aon saincheist ábhartha maidir le rialú airgeadais.

Áiríodh leis an monatóireacht leanúnach a rinne an CIR;

- Athbhreithniú ar thuarascálacha an Fhóraim Dearbhaithe Chomhtháite maidir leis an gcóras um rialú inmheánach ar bhonn ráithiúil.
- Athbhreithniú ar Phróifíl Riosca Ervia ar bhonn ráithiúil.
- Athbhreithniú ar thuarascálacha ó fheidhm na hIniúchóireachta Inmheánaí ina bhfuil sonraí ar shaincheisteanna rialaithe agus an t-eolas is déanaí ar stádas ar dhíol ar luach clabhsúir maidir le moltaí oscailte i leith iniúchóireacht inmheánach.
- Athbhreithniú ar thuarascálacha ón iniúchóir seachtrach, ina bhfuil sonraí faoi aon saincheisteanna ábhartha maidir le rialú airgeadais inmheánach.
- Athbhreithniú agus breithniú ar an tuarascáil ón bPríomhoifigeach Feidhmiúcháin ar a éifeachtaí is a bhí na córais rialaithe inmheánaigh, idir rialú airgeadais agus oibriúcháin.

## Caiteachas Caipitil agus Caiteachas Oibríochta

Tá córais láidre agus éifeachtacha i bhfeidhm lena chinntiú, de réir mar is cuí, go gcloítear leis na prionsabail agus riachtanais ábhartha maidir leis na Treoirlínte Bonneagair a foilsíodh le deireanas (rud atá ann in ionad sraith treoirlínte um Chód Caiteachais Phoiblí 2019). Leanadh ar aghaidh le gníomhaíocht aistrithe a bhain leis na Treoirlínte Bonneagair nuashonraithe go dtí gur díscaoileadh Ervia an 1 Meitheamh 2024 chun comhlíontacht aon cheanglais bhreise a chinntiú.

Tugtar eolas sa Bheartas Soláthair (PD02) faoi na nósanna imeachta a leanfaidh Grúpa Ervia chun tacú le riachtanais soláthair san eagraíocht. Trí PD02 a chur i bhfeidhm déantar cinnte go bhfaightear luach ar airgead i gcleachtais soláthair, go gcloítear le dlíthe AE agus Éireannacha maidir le soláthar poiblí, go ndéantar próisis tairisceana a bhainistiú go cuí agus go gcoimeádtar forbhreathnú rialachais agus bainistíochta ar an bpróiseas soláthair ar fud Grúpa Ervia.

Sa Bheartas maidir le Faomhadh Caiteachais agus Conarthaí (PD03), leagtar amach an creat rialachais maidir le caiteachas airgeadais agus conarthaí, lena n-áirítear an próiseas údaraithe agus leibhéil údaráis le haghaidh caiteachas caipitil agus oibríochta is infheidhme maidir le Grúpa Ervia. Chaithfí gach faomhadh caiteachais agus conartha cloí le ceanglais an Chreata Rialachais agus PD03.

## Tuarascáil an Bhoird (ar lean.)

Tá an creat um chaiteachas airgeadais agus rialachas conarthaí ag teacht leis na critéir maidir le luach ar airgead sna Treoirlínte Bonneagair uasdátaithe, arna fhoilsí ag an Roinn Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe i mí na Nollag 2023.

Maidir le gach ceanglas soláthair náisiúnta agus AE, chaithfeadh an caiteachas caipitil cloí le haon riachtanais a d'fhéadfadh an Coimisiún um Rialáil Fóntais a leagan síos, riachtanais a bhaineann leis an gcomhshaol agus leis an bpleanáil agus tosaíochtaí bonneagair. Úsáidtí modhanna cuí measúnaithe infheistíochta i dtaca le tionscadail chaipitil agus cláir chaipitil ionas go bhféadfaidh cinntí a dhéanamh go héifeachtach. Dhéantaí measúnú ar thionscadail chaipitil agus ar chláir chaipitil agus dhéantaí iad a sholáthar trí phróiseas faofa láidir 5 chéim.

Feidhmíonn an próiseas gealltanas caipitil ar an mbonn go n-iarrann an chuideachta na ceadanna ábhartha ón Aire roimh ré i gcomhair imchlúdach iomlán gealltanas caipitil le tabhairt fúthu le linn na bliana airgeadais dár gcionn.

Iarrfaí na ceadanna Aire ar leithligh sula dtabharfaí gealltanas i gcomhair tionscadal caipitil aonair ar bith nó i gcomhair clár caipitil nua ar chostas €40m nó níos mó i gcás caiteachas rialáilte agus €15m i gcás caiteachas neamhrialáilte. Chuirtí ceadanna ón Aire faoi bhráid na Máthair-roinne agus ranna rialtais ábhartha eile a bhí rannpháirteach sa phróiseas ceadaithe don iarratas sonrach. Lena chois sin, chuirtí iarratais ar fhaomhadh ón Aire faoi bhráid NewERA, a sholáthraíonn comhairle shonrach ar chúrsaí airgeadais agus tráchtála don Roinn Tithíochta, Rialtais Áitiúil agus Oidhreachta sula dtugann an tAire cead.

Chuirfí infheistíochtaí caipitiúla, lena n-áirítear conarthaí ar bhain luach os cionn €3.5m leo faoi bhráid an Choiste (feidhmiúcháin) um Fhaomhadh Caiteachais ('CFC') lena n-athbhreithniú go mion agus lena bhfaomhadh agus chuirfí gach caiteachas caipitiúil níos mó ná €10m faoi bhráid an Bhoird lena fhaomhadh.

Choinneofaí an Bord ar an eolas maidir le stádas tionscadal agus clár chaipitil de réir mar a rachadh siad ar aghaidh, lena n-áirítear nuashonruithe maidir leis an gcur chun feidhme i gcomparáid leis an bplean, na hamscálaí agus cáilíocht. Chuirtí tuairisciú buiséid agus difríochta i láthair an Bhoird chomh maith. Bíonn cuspóirí ar leith ag gach tionscadal agus déantar iad a mheas i leith na gcuspóirí sin. Bhí príomhtháscairí feidhmíochta ina gcuid de thairiscintí agus ina dhiaidh sin conarthaí, a úsáidtí chun feidhmíocht le linn thréimhse an tionscadail a thomhas. Chuirtí athbhreithnithe tar éis tionscadail agus tuairiscí dúnta airgeadais i láthair CFC, an Bhoird, an Choiste Airgeadais agus Infheistíochta chun meastóireacht a dhéanamh orthu ag brath ar luach an tionscadail nó an chláir. I gcruinnithe deiridh tionscadal agus athbhreithniú bliantúla ar chláir, éascófaí cur chuige 'ceachtanna a foghlaimíodh'. Dhéantaí na ceachtanna sin a mheasúnú, a rianú agus a chur chun feidhme ansin ar thionscadail a bhí ann cheana agus ar thionscadail a bheidh ann ar fud Ervia de réir mar ba chuí.

### An Rialachán Ginearálta maidir le Cosaint Sonraí (RGCS)

Níl aon ábhar imní suntasach léirithe ag an Oifigeach um Chosaint Sonraí maidir le neamhchomhlíonadh i ndáil le ceanglais reachtacha faoi RGCS.

### Athbhreithniú ar éifeachtúlacht

Rinne Bord Líonraí Gáis Éireann athbhreithniú ar éifeachtúlacht chóras rialaithe inmheánaigh Ervia, ina gclúdaítear rialuithe airgeadais, oibriúcháin agus comhlíonta agus córais bainistíochta riosca le linn na tréimhse ón 1 Eanáir 2024 go dtí gur díscaoileadh é an 1 Meitheamh 2024. Rinne Coiste um Iniúchóireachta agus Riosca Líonraí Gáis Éireann athbhreithniú mionsonraithe, inar tugadh tuairisc ar a thorthaí do Bhord Líonraí Gáis Éireann.

### Fadhbanna maidir le Rialú Inmheánach

Níor sainaithníodh aon laigí sa rialú inmheánach maidir leis an tréimhse ón 1 Eanáir 2024 go dtí gur díscaoileadh é an 1 Meitheamh 2024 lena n-éilítear nochtadh sna ráitis airgeadais.

### Gnóthas Leantach

Níor ullmhaíodh na ráitis airgeadais ar choincheap an ghnóthais leantaigh. Tá an cur chuige sin iomchuí de dheasca dhíscaoileadh Ervia an 1 Meitheamh 2024, de bhun an Achta Gáis (Leasú) agus Forálacha Ilghnéitheacha 2024, lenar foráladh d'aistriú feidhmeanna, sócmhainní agus dliteanais uile chorparáid reachtúil Ervia, chuig Líonraí Gáis Éireann.



## Tuarascáil an Bhoird (ar lean.)

### Bainistíocht Riosca

Rinne an Bord measúnú forleathan ar na príomhrioscaí a bhí os comhair na heagraíochta le linn na tréimhse go dtí gur díscaoileadh é an 1 Meitheamh 2024. Bhí na príomhrioscaí agus na bearta maolaithe a glacadh i gcomhréir fós den chuid ba mhó leis na cinn a leagtar amach i dTuarascáil Bhliantúil Ervia 2023.

### Caidreamh leis an Scairshealbhóir

D'fheidhmigh Ervia go neamhspleách ar a Mháthair-Roinn (an Roinn Tithíochta, Rialtais Áitiúil agus Oidhreachta), ach bhíodh sé i mbun comhairliúchán gníomhach leanúnach in éineacht lena Mháthair-Roinn de réir mar a cheanglaítear sa reachtaíocht agus sa Chód.

### Leasanna Chomhaltaí an Bhoird

Ní raibh aon leas ag na hiar-Chomhaltaí Boird in Ervia ná ina chuid fochuideachtaí i rith na bliana tuairiscithe. Tá Bord Líonraí Gáis Éireann sásta go bhfuil na Comhaltaí Boird ar fad saor ó aon chaidreamh gnó nó aon chaidreamh eile a d'fhéadfadh tionchar ábhartha a bheith acu, nó a d'fhéadfadh go mba chosúil go mbeadh tionchar ábhartha acu, ar chleachtadh a mbreithiúnais neamhspleách.

D'fhéadfadh na hiar-chomhaltaí Boird stiúrthóireachtaí nó poist feidhmiúcháin a bheith acu nó leasanna a bheith acu i gcuideachtaí tríú páirtí, lena n-áirítear bainc agus institiúidí airgeadais, ar féidir go ndéanfadh cuid acu sin (nó a gcleamhnais), mar chuid de ghnáthchúrsaí gnó, idirbheart a dhéanamh le Ervia nó lena fhochuideachtaí ar neamhthuilleamaí. Rinne na comhaltaí Boird go léir aon leas a nochtadh agus rinne siad iad féin a scaoileadh ó phlé agus ó chinntí Boird sa chás ina raibh coinbhleacht ag baint leo nó go raibh leas díreach nó indíreach de réir an Chóid acu. I gcásanna mar sin, choinneofaí taifead ar leithligh (nach bhfuil rochtain ag an gComhalta Boird) air.

### Measúnú Feidhmiúcháin

Faomhann an Bord buiséad bliantúil a thacaíonn leis na pleananna corparáideacha. Déantar measúnú bliantúil ar fheidhmiú iarbhír i gcomparáid leis an bplean agus buiséad.

### Taifid Chuntasaíochta

Tá Bord Líonraí Gáis Éireann sásta go raibh córais agus acmhainní cuí i bhfeidhm, lena n-áirítear pearsanra oiriúnach cáilithe cuntasaíochta a cheapadh ag a raibh taithí oiriúnach, chun taifid chuí chuntasaíochta a choinneáil, d'fhonn comhlíonadh Ervia maidir lena oibleagáid taifid chuntasaíochta leordhóthanacha a choinneáil. Tá leabhair cuntais Ervia á gcoinneáil ag Bóthar na nOibreacha Gáis, Corcaigh.

### Iniúchóir Seachtrach

Fuarthas toiliú ón Aire chun KPMG a cheapadh mar iniúchóirí ar Ervia i dtaca le haon chuntais a d'ullmhaigh Ervia, nó i ndáil le Ervia, le linn agus/nó a bhaineann le haon tréimhse idir an tréimhse ón 1 Eanáir 2024 go dtí gur díscaoileadh é an 1 Meitheamh 2024.

Le haghaidh agus thar ceann an Bhoird:



**Kevin Toland**
Cathaoirleach



**Keith Harris**
Stiúrthóir
Dáta: 27 Meán Fómhair 2024

# Tuarascáil an Choiste um Iniúchóireacht agus Riosca



**Keith Harris**
Cathaoirleach, an Coiste um Iniúchóireacht agus Riosca

Mar Chathaoirleach ar an gCoiste um Iniúchóireacht agus Riosca, tá áthas orm Tuarascáil an Choiste um Iniúchóireacht agus Riosca don tréimhse go dtí gur díscaoileadh é an 1 Meitheamh 2024.

De réir an struchtúir boird aonadaigh a bhí i bhfeidhm in Ervia, tá an Coiste um Iniúchóireacht agus Riosca ("an Coiste") bunaithe ar leibhéal Ghrúpa Ervia agus d'fheidhmigh sé thar ceann Ervia agus a fhochuideachtaí ("an Grúpa"). Sa tuarascáil seo, tugtar léargas ar obair an Choiste thar an tréimhse ón 1 Eanáir 2024 go dtí gur díscaoileadh é an 1 Meitheamh 2024 agus sonraítear inti conas a chomhlíon an Coiste a fhreagrachtaí faoina Théarmaí Tagartha agus faoin gCód Cleachtais chun Comhlachtaí Stáit a Rialú ("an Cód"). Aistríodh ballraíocht agus freagrachtaí an Choiste chuig Coiste um Iniúchóireacht agus Riosca Líonraí Gáis Éireann nuair a díscaoileadh Ervia an 1 Meitheamh 2024.

Chaith an Coiste go leor ama le linn na tréimhse ar a phríomhfhreagrachtaí maoirseachta a chomhlíonadh. D'oibrigh sé ar bhonn rialta leis an lucht ardbhainistíochta, le lucht na hiniúchóireachta inmheánaí, le lucht na bainistíochta riosca agus le hiniúchóir reachtúil an Ghrúpa. Anuas air sin, thug an Coiste faoi chlár iomlán athbhreithnithe ina chruinnithe i rith na tréimhse lena fhreagrachtaí a chomhlíonadh go héifeachtach. Agus a phríomhfhreagrachtaí maoirseachta á gcomhlíonadh aige, bhíodh cruinnithe ar leith ar bhonn rialta ag Cathaoirleach an Choiste leis an lucht ardbhainistíochta, le lucht na hiniúchóireachta inmheánaí, le lucht na bainistíochta riosca agus le hiniúchóir reachtúil an Ghrúpa.

## Ról agus freagrachtaí an Choiste um Iniúchóireacht agus Riosca

Ba é ról an Choiste tacú leis an mBord i ndáil lena fhreagrachtaí i ndáil leis na nithe seo a leanas:

- Tuairisciú airgeadais
- Bainistíocht riosca
- Rialuithe Inmheánacha
- Iniúchadh inmheánach
- Iniúchadh seachtrach
- Gníomhaíochtaí gaolmhara eile, lena n-áirítear beartais agus nósanna imeachta maidir le nochtadh cosanta, frithchalaois, frithbhreabaireacht agus frithéilliú.

Thuairisceodh Cathaoirleach an Choiste don Bhord maidir le hábhair a phléití ag gach cruinniú Coiste, agus gheobhadh an Bord miontuairiscí agus páipéir ar fad an Choiste. Leagtar amach go mion róil agus freagrachtaí an Choiste i dTéarmaí Tagartha an Choiste. Dhéantaí athbhreithniú orthu sin gach bliain.



# Tuarascáil an Choiste um Iniúchóireacht agus Riosca (ar lean)

## Comhaltaí

Bhí ceathrar Comhaltaí Boird Neamhfheidhmiúcháin neamhspleácha ar an gCoiste. Ba é Bord Ervia, i gcomhairle le Cathaoirleach an Choiste, a cheapadh Comhaltaí an Choiste. Chun sonraí a fháil faoi bhallraíocht agus faoi fhreastal ar chruinnithe sa tréimhse ón 1 Eanáir 2024 go dtí an 1 Meitheamh 2024, féach leathanach 12. Bhí an Coiste neamhspleách ar lucht bainistíochta an Ghrúpa.

## Tuairisciú Airgeadais

Bhí an Coiste freagrach as monatóireacht a dhéanamh ar iomláine phróiseas ullmhúcháin Ráiteas Airgeadais an Ghrúpa agus as athbhreithniú a dhéanamh ar na breithiúnais tuairiscithe airgeadais iontu, thar ceann an Bhoird. Ullmhaíonn foireann airgeadais a bhfuil na cáilíochtaí agus an saineolas cuí aici na Ráitis Airgeadais thar ceann an Bhoird.

Le linn na tréimhse ón 1 Eanáir 2024 go dtí gur díscaoileadh é an 1 Meitheamh 2024, dhéanadh an Coiste athbhreithniú ar dhréacht-ráitis airgeadais 2023 sula moladh an Bord a bhfaomhadh. Chomh maith leis sin, rinne an Coiste athbhreithniú ar ráitis airgeadais 2023 Líonraí Gáis Éireann sular fhaomh an fobhord iad. Rinne an Coiste oiriúnacht na mbeartas agus na gcaighdeán suntasach cuntasaíochta, na meastachán agus na mbreithiúnas a úsáideadh agus na Ráitis Airgeadais á n-ullmhú, mar aon le soiléireacht agus críochnúlacht na nochtuithe sa Tuarascáil Bhliantúil agus Ráitis Airgeadais a mheas. Rinne an Coiste plé ar na nithe sin leis an bPríomhoifigeach Feidhmiúcháin, Príomhoifigeach Airgeadais agus iniúchóir seachtrach.

## Bainistíocht Riosca

Bhí an Coiste freagrach as monatóireacht a dhéanamh ar ghníomhaíochtaí bainistíochta riosca an Ghrúpa, ar fhorbairtí ó thaobh príomhrioscaí de agus ar sholáthar na próifíle riosca sprice, thar ceann an Bhoird, rud a chuireann ar chumas an Bhoird a dheimhniú gach bliain go raibh measúnú déanta aige ar phríomhrioscaí an Ghrúpa.

Le linn na bliana ón 1 Eanáir 2024 go dtí gur díscaoileadh é an 1 Meitheamh 2024, d'athbhreithnigh an Coiste, i gcomhpháirt leis an lucht ardbhainistíochta, an phróifíl riosca, na beartais um bainistíocht riosca, neamhchosaintí lena mbaineann ardtionchair/dóchúlacht íseal, agus an inghlacthacht riosca agus an spriocphróifíl lena bhfaomhfadh ag an mBord. Rinne an Coiste athbhreithniú ar chur i láthair ar shampla de phríomh-rioscaí, agus rinne sé plé leis an lucht ardbhainistíochta maidir leis na rialuithe inmheánacha ábhartha a bhí ann cheana chun na rioscaí sin a laghdú.

## Rialuithe Inmheánacha

Bhí an Coiste freagrach, thar ceann an Bhoird, as athbhreithniú a dhéanamh ar a oiriúnaí agus a shláine agus a bhí córas rialaithe inmheánaigh an Ghrúpa, agus as athbhreithniú a dhéanamh lena fháil amach ar cuireadh an córas rialaithe inmheánaigh i bhfeidhm go héifeachtach le linn na tréimhse tuairiscithe agus ar thug an córas sin réamhrabhadh cuí maidir le haon chlistí agus rioscaí a bhí ag teacht chun cinn.

Bhí freagracht ar Ervia faoin gCód as a chinntiú go ndéanfaí córas éifeachtach rialaithe inmheánaigh a choinneáil ar bun agus a fheidhmiú. Dhéanadh Ervia an fhreagracht sin a bhainistiú ina aonaid ghnó go léir tríd an ardbhainistíocht agus trína "bhFóram Dearbhaithe Comhtháite", ar grúpa bainistíochta é sin a bhailíonn fianaise ó na gníomhaíochtaí éagsúla rialaithe a dhéantar sa Ghrúpa d'fhonn íomhá chuimsitheach ar rialú inmheánach a chruthú. Tugann an Fóram Dearbhaithe Comhtháite tuiscint níos fearr ar na gníomhaíochtaí dearbhaithe atá i bhfeidhm agus déanann sé moltaí maidir le feabhas a chur orthu, le riosca a mhaolú agus maoirseacht rialachais a uasmhéadú agus chomh maith leis sin mar chuidiú chun aon bhearnaí sa dearbhú a aithint agus a réiteach.

## Iniúchadh Inmheánach

Bhí an Coiste, thar ceann an Bhoird, freagrach as monatóireacht agus athbhreithniú a dhéanamh ar éifeachtacht agus scóip na feidhme iniúchóireachta inmheánaí, lena n-áirítear a phleananna, gníomhaíochtaí agus acmhainní d'fhonn a chinntiú go bhféadfadh sé athbhreithniú éifeachtach a dhéanamh ar oibriú rialuithe an Ghrúpa maidir le rioscaí suntasacha laistigh d'eagraíocht an Ghrúpa.

Le linn na tréimhse ón 1 Eanáir go dtí gur díscaoileadh é an 1 Meitheamh 2024, dhéanadh an Coiste athbhreithniú ar an bplean agus ar an obair a rinne an fhoireann Iniúchóireachta agus ar na bearta a theastaigh ón lucht bainistíochta dá bharr. Chuir Ceann na hIniúchóireachta Inmheánaí an Coiste ar an eolas go minic maidir le torthaí athbhreithnithe na hiniúchóireachta inmheánaí. Chomh maith leis sin, chíor an Coiste dul chun cinn na bainistíochta maidir le haghaidh a thabhairt ar cheisteanna ábhartha, lena n-áirítear nádúr, réim agus tráthúlacht a cuid freagraí.

Le linn na tréimhse ón 1 Eanáir 2024 go dtí gur díscaoileadh é an 1 Meitheamh 2024, lean Ervia leis an tsláine a chur chun cinn agus béim a leagan ar an tábhacht a bhaineann le hiompar eiticiúil ar fud na heagraíochta tríd an bhfeachtas 'An rud is fearr a dhéanamh' a chur i bhfeidhm.

Is éard atá san fheachtas ná roinnt tionscnamh, lena n-áirítear an t-eolas is déanaí ar shraith beartais chorparáideacha a bhaineann le heitic, trí oiliúint a chur ar fáil, trí chultúr 'labhair amach' agus comhráite ráithiúla sláine a dhíríonn ar ábhair a bhaineann le sláine na huaire a chur chun cinn.

## Tuarascáil an Choiste um Iniúchóireacht agus Riosca (ar lean)

### Iniúchadh Seachtrach

Bhí an Coiste freagrach, thar ceann an Bhoird, as monatóireacht a dhéanamh ar an bpróiseas iniúchóireachta seachtraí. Rinne an Coiste monatóireacht ar iomláine ráitis airgeadais an Ghrúpa agus rinne sé athbhreithniú ar oiriúnacht na mbeartas cuntasaíochta agus ar na saincheisteanna tuairiscithe airgeadais iontu, agus aird á tabhairt ar ábhair a chuireann an t-iniúchóir seachtrach in iúl dó. Dhéanadh an Coiste athbhreithniú freisin ar phleananna, tuairiscí agus torthaí an iniúchóra sheachtraigh maidir leis an iniúchadh, agus phléadh sé iad leis an iniúchóir seachtrach.

Bhí an Coiste freagrach freisin, thar ceann an Bhoird, as athbhreithniú agus monatóireacht a dhéanamh ar neamhspleáchas agus luach saothair an iniúchóra sheachtraigh. Dhéanadh an Coiste bearta cuí lena chinntiú go gcoimeádfaí caidreamh oibiachtúil gairmiúil leis an iniúchóir seachtrach.

Le linn na tréimhse ón 1 Eanáir 2024 go dtí gur díscaoileadh é an 1 Meitheamh 2024, dhéanadh an Coiste measúnú ar neamhspleáchas agus oibiachtúlacht an iniúchóra, agus mar chuid de sin, dhéantaí athbhreithniú ar an méid seo a leanas:

- Nádúr agus fairsinge na seirbhísí a sholáthraítear, agus na táillí a thuilltear, as obair iniúchóireachta agus obair neamh-iniúchóireachta dhéanann an t-iniúchóir seachtrach.
- Beartas an Ghrúpa a rialaíonn soláthar sheirbhísí neamh-iniúchóireachta don Ghrúpa a chomhlíonadh trína bhfuil rialacha agus teorannacha soiléire i bhfeidhm, a cheadaíonn seirbhísí neamh-iniúchóireachta nach bhfuil aon choimhlint leasa ag baint leo.
- Dearbhuithe soláthartha ag an iniúchóir seachtrach maidir leis sin.

Leagtar amach táillí seirbhísí nach seirbhísí iniúchta iad i Nóta 3 de na Ráitis Airgeadais. Le linn na tréimhse ón 1 Eanáir 2024 go dtí an 1 Meitheamh 2024, níor fostaíodh an t-iniúchóir seachtrach chun seirbhísí a sholáthar a measadh a bheith ina gcúis le coinbhleacht leasa. Rinne an Coiste monatóireacht freisin ar chomhlíonadh an iniúchóra sheachtraigh leis an treoir ábhartha rialála, eitice agus ghairmiúil. Tá an Coiste sásta go bhfuil KPMG neamhspleách agus oibiachtúil.

### Éifeachtacht an Choiste um Iniúchóireacht agus Riosca

Déanann an Coiste athbhreithniú bliantúil ar a éifeachtacht féin. Don tréimhse ón 1 Eanáir 2024 go dtí gur díscaoileadh é an 1 Meitheamh 2024, ní dhearnadh an t-athbhreithniú sin. Rinne Coiste um Iniúchóireacht agus Riosca Líonraí Gáis Éireann athbhreithniú éifeachtúlachta i mí Iúil 2024.

Thar ceann an Choiste um Iniúchóireacht agus Riosca:



**Keith Harris**
Cathaoirleach, An Coiste um Iniúchóireacht agus Riosca
27 Meán Fómhair 2024



# Ráitis airgeadais


| | |
|---|---|
| Tuarascáil an Iniúchóra Neamhspleách chuig Comhaltaí Ervia | 24 |
| Ráiteas Ioncaim | 26 |
| Ráiteas faoi Ioncam Cuimsitheach Eile | 27 |
| Clár Comhardaithe | 28 |
| Ráiteas faoi Athruithe sa Chothromas | 29 |
| Ráiteas ar Shreafaí Airgeadais | 30 |
| Nótaí a ghabhann leis na Ráitis Airgeadais | 31 |

# Tuarascáil an Iniúchóra Neamhspleách chuig Comhaltaí Ervia

## Tuairisc ar iniúchadh na ráiteas airgeadais

### Tuairim

Rinneamar iniúchadh ar ráitis airgeadais Ervia ('an Chuideachta') don tréimhse dar críoch an 1 Meitheamh 2024 atá leagtha amach ar leathanaigh 23 go 45, ina gcuimsítear an Ráiteas Ioncaim, Ráiteas faoi ioncam cuimsitheach eile, an Clár Comhardaithe, an Ráiteas faoi athruithe ar chothromas, an Ráiteas faoi shreafaí airgid agus na nótaí gaolmhara, lena n-áirítear na beartais chuntasaíochta ábhartha atá leagtha amach i nóta 1.

Dar linne:

- tugtar léargas fíor cothrom sna ráitis airgeadais ar shócmhainní, dliteanais agus staid airgeadais na Cuideachta amhail an 1 Meitheamh 2024 agus ar thoradh na Cuideachta don tréimhse sin dar críoch;
- ullmhaíodh na ráitis airgeadais i gceart de réir na gCaighdeán Idirnáisiúnta um Thuairisciú Airgeadais (IFRS) arna n-eisiúint ag an IASB agus IFRS arna bhformhuiniú ag an Aontas arna nglacadh ag an Aontas; agus
- ullmhaíodh na ráitis airgeadais i gceart de réir cheanglais na nAchtanna Gáis 1976 (arna leasú).

### Bunús le tuairim

Rinneamar ár n-iniúchadh de réir na gCaighdeán Idirnáisiúnta ar Iniúchóireacht (Éire) (ISAnna (Éire)) agus an dlí infheidhme. Déantar tuilleadh cur síos ar ár bhfreagrachtaí faoi na caighdeáin sin sa mhír "Freagrachtaí an Iniúchóra maidir le hiniúchadh na ráiteas airgeadais" den tuarascáil seo. Táimid neamhspleách ar an gCuideachta de réir na gceanglas eiticiúil a bhaineann leis an iniúchadh a dhéanaimid ar ráitis airgeadais in Éirinn, lena n-áirítear an Caighdeán Eiticiúil a d'eisigh Údarás Maoirseachta agus Cuntasaíochta na hÉireann, agus tá ár bhfreagrachtaí eiticiúla comhlíonta againn de réir na gceanglas sin.

Creidimid go bhfuil an fhianaise iniúchta a fuaireamar leordhóthanach agus cuí chun bonn a chur faoinár dtuairim.

### Béim an ábhair - gan a bheith ullmhaithe ar choincheap an ghnóthais leantaigh

Dírímid aird ar an nochtadh a rinneadh i nóta 1 a ghabhann leis na ráitis airgeadais ina mínítear nár ullmhaíodh na ráitis airgeadais ar choincheap an gnóthais leantaigh ar na cúiseanna atá leagtha amach sa nóta sin. Ní athraítear ár dtuairim i ndáil leis an ábhar sin

### Eolas eile

Tá na stiúrthóirí freagrach as an bhfaisnéis eile a chuirtear i láthair sa Tuarascáil Bhliantúil mar aon leis na ráitis airgeadais. Cuimsítear san fhaisnéis eile an fhaisnéis a chuirtear i dTuarascáil an Bhoird. Níl na ráitis airgeadais ná tuairisc an iniúchóra orthu ina gcuid den fhaisnéis eile. Ní chlúdaítear inár dtuairim ar na ráitis airgeadais an fhaisnéis eile agus, dá réir sin, ní chuirimid tuairim iniúchóireachta in iúl nó, seachas mar a shonraítear go sainráite thíos, ní chuirimid aon chineál conclúide dearbhaithe ina leith in iúl.

Is í an fhreagracht atá orainne an fhaisnéis eile a léamh agus, agus é sin á dhéanamh againn, a mheas, bunaithe ar ár n-obair iniúchóireachta ar na ráitis airgeadais, an bhfuil an fhaisnéis atá ann míshonraithe go hábhartha nó ar neamhréir go hábhartha leis na ráitis airgeadais nó lenár bhfaisnéis iniúchóireachta. Bunaithe ar an obair sin amháin, níor aithníomar aon mhíráiteas ábhartha san fhaisnéis eile.

## Tuarascáil ar chúrsaí dlíthiúla agus rialála eile

Go bhfuil an fhaisnéis agus na míniúcháin ar fad faighte againn a mheasaimid a bheith riachtanach chun críocha na hiniúchóireachta.

Dar linne, ba leor taifid chuntasaíochta na Cuideachta chun na ráitis airgeadais a iniúchadh go héasca agus i gceart agus go bhfuil na ráitis airgeadais ag teacht leis na taifid chuntasaíochta.



# Tuarascáil an Iniúchóra Neamhspleách chuig Comhaltaí Ervia (ar lean.)

### Ábhair a bhfuil sé de dhualgas orainn iad a thuairisciú mar eisceacht

Faoin gCód Cleachtais chun Comhlachtaí Stáit a Rialú ("an Cód"), ceanglaítear orainn a thuairisciú duit mura léirítear sa ráiteas maidir leis an gcóras rialaithe inmheánaigh atá riachtanach faoin gCód, mar atá curtha san áireamh sa Ráiteas Rialachais, go bhfuil an Grúpa ag cloí le mír 1.9 (iv) den Chód nó nach bhfuil an ráiteas ag teacht leis an bhfaisnéis atá ar eolas againn mar thoradh ar ár n-obair iniúchóireachta ar na ráitis airgeadais agus tuairiscímid é mura bhfuil.

## Freagrachtaí agus srianta úsáide faoi seach

### Freagrachtaí an Bhoird as na ráitis airgeadais

Mar a mhínítear níos iomláine i ráiteas freagrachtaí an Bhoird atá leagtha amach ar leathanach 10, tá an Bord freagrach as: ullmhú na ráiteas airgeadais, lena n-áirítear bheith sásta go dtugtar léargas fíor cothrom iontu; cibé rialú inmheánach a cheapann siad a bheith riachtanach chun ráitis airgeadais atá saor ó mhíráiteas ábhartha a ullmhú, cibé acu de bharr calaoise nó earráide; measúnú a dhéanamh ar chumas na Cuideachta leanúint ar aghaidh mar ghnóthas leantach, ag nochtadh, de réir mar is cuí, nithe a bhaineann le gnóthas leantach; agus bonn cuntasaíochta an ghnóthais leantaigh a úsáid mura bhfuil sé beartaithe acu an Chuideachta a leachtú nó scor dá chuid oibríochtaí, nó mura bhfuil rogha réalaíoch acu ach é sin a dhéanamh.

### Freagrachtaí an iniúchóra as an iniúchóireacht ar na ráitis airgeadais

Is iad ár gcuspóirí ná dearbhú réasúnta a fháil an bhfuil na ráitis airgeadais ar an iomlán saor ó mhíráiteas ábhartha, mar gheall ar chalaois nó ar earráid, agus tuarascáil iniúchóra a eisiúint lenár dtuairim san áireamh. Leibhéal ard dearbhaithe atá sa dearbhú réasúnta, ach ní deimhniú é i gcónaí go n-aimseoidh iniúchóireacht a dhéantar i gcomhréir le Caighdeáin Idirnáisiúnta Iniúchóireachta (Éire) míráiteas ábharach nuair is ann do cheann. Féadfaidh míráitis eascairt as calaois nó earráid agus meastar gur míráitis ábharacha iad más féidir a bheith ag súil leo go réasúnta, go mbeadh tionchar acu ina n-aonar, nó le chéile, ar chinntí eacnamaíocha úsáideoirí a ghlactar ar bhonn na ráiteas airgeadais seo.

Tá cur síos níos iomláine ar ár bhfreagrachtaí ar fáil ar shuíomh gréasáin Údarás Maoirseachta Iniúchta agus Cuntasaíochta na hÉireann ag https://iaasa.ie/publications/description-of-the-auditors-responsibilities-for-the-audit-of-the-financial-statements/.

### Cuspóir ár gcuid oibre iniúchóireachta agus cé dó a bhfuilimid freagrach

Déantar ár dtuarascáil do chomhaltaí na Cuideachta amháin, mar chomhlacht, i gcomhréir le hAlt 15 den Acht Gáis 1976. Rinneadh ár gcuid oibre iniúchóireachta ionas gur féidir linn a chur in iúl do bhaill na Cuideachta na cúrsaí sin is gá dúinn a chur in iúl dóibh i dtuarascáil iniúchóra agus don chúis sin amháin. Sa mhéid is mó atá ceadaithe de réir an dlí, ní ghlacaimid freagracht i leith aon duine seachas an Chuideachta agus comhaltaí na Cuideachta, mar chomhlacht, as ár n-obair iniúchóireachta, don tuarascáil seo, ná do na tuairimí atá againn.



**Brian MacSweeney**
ar son agus thar ceann
KPMG
Cuntasóirí Cairte, Gnólacht Iniúchta Reachtúil
85 An Meal Theas
Corcaigh
Éire

8 Deireadh Fómhair 2024

# Ráiteas Ioncaim

## don tréimhse dar críoch an 1 Meitheamh 2024 agus don bhliain dar críoch an 31 Nollaig 2023

| | Nótaí | an tréimhse dar críoch an 1 Meitheamh 2024 €'000 | 31 Noll 2023 €'000 |
|---|---|---|---|
| Ioncam | | **-** | - |
| Costais oibriúcháin | 3 | **(835)** | (3,262) |
| **Caillteanas oibriúcháin roimh dhímheas agus amúchadh (EBITDA)** | | **(835)** | (3,262) |
| | | | |
| **Caillteanas oibriúcháin** | | **(835)** | (3,262) |
| | | | |
| Ioncam airgeadais | 5 | **44,418** | 20,592 |
| Costais airgeadais | 5 | **(1)** | (41) |
| Glanioncam Airgeadais | 5 | **44,417** | 20,551 |
| | | | |
| **Brabús roimh cháin ioncaim** | | **43,582** | 17,289 |
| | | | |
| Cáin ioncaim | 6 | **186** | 80 |
| **Brabús don tréimhse** | | **43,768** | 17,369 |
| | | | |
| **Brabús inchurtha i leith:** | | | |
| Úinéirí na Máthairchuideachta | | **43,768** | 17,369 |
| **Brabús don tréimhse** | | **43,768** | 17,369 |

Le haghaidh agus thar ceann an Bhoird:

| | | |
|---|---|---|
| | | 27 Meán Fómhair 2024 |
| Cathaoirleach | Comhalta den Bhord | Dáta Faofa |



# Ráiteas faoi Ioncam Cuimsitheach Eile

## don tréimhse dar críoch an 1 Meitheamh 2024 agus don bhliain dar críoch an 31 Nollaig 2023

| | Nótaí | an tréimhse dar críoch an 1 Meitheamh 2024 €'000 | 31 Noll 2023 €'000 |
|---|---|---|---|
| **Brabús don tréimhse** | | **43,768** | 17,369 |
| | | | |
| **Ioncam Cuimsitheach eile** | | | |
| **Míreanna nach ndéanfar a athaicmiú mar bhrabús ná caillteanas:** | | | |
| Gnóthachan achtúireach ar phlean le sochar sainithe | | **15,026** | 13,176 |
| Atomhas sócmhainní pinsin eile | | **(326)** | 1,136 |
| Costas cánach iarchurtha maidir le hoibleagáidí sochair sainithe | 6 | **(1,838)** | (1,789) |
| **Iomlán na míreanna nach ndéanfar a athaicmiú mar bhrabús ná caillteanas** | | **12,862** | 12,523 |
| | | | |
| **Iomlán an ioncaim chuimsithigh eile don tréimhse** | | **12,862** | 12,523 |
| | | | |
| **Ioncam cuimsitheach iomlán don tréimhse** | | **56,630** | 29,892 |
| | | | |
| **Ioncam Cuimsitheach iomlán curtha i leith:** | | | |
| Úinéirí na Máthairchuideachta | | **56,630** | 29,892 |
| **Ioncam cuimsitheach iomlán don tréimhse** | | **56,630** | 29,892 |

Le haghaidh agus thar ceann an Bhoird:

| | | |
|---|---|---|
| | | 27 Meán Fómhair 2024 |
| Cathaoirleach | Comhalta den Bhord | Dáta Faofa |

# Clár Comhardaithe

## amhail an 1 Meitheamh 2024 agus an 31 Nollaig 2023

| | Nótaí | 1-Meith-24 €'000 | 31-Noll-23 €'000 |
|---|---|---|---|
| **Sócmhainní** | | | |
| **Sócmhainní Neamhreatha** | | | |
| Acmhainn sochair scoir | 11 | - | 13,620 |
| Infheistíocht i bhfochuideachta | 7 | - | 688,298 |
| **Sócmhainní neamhreatha iomlána** | | - | 701,918 |
| | | | |
| **Sócmhainní reatha** | | | |
| Trádáil agus Infháltais Eile | 8 | - | 218 |
| Airgead tirim agus coibhéisí airgid thirim | 9 | - | 2,323 |
| **Sócmhainní reatha iomlána** | | - | 2,541 |
| | | | |
| **Sócmhainní iomlána** | | - | 704,459 |
| | | | |
| **Gnáthscaireanna agus dliteanais** | | | |
| **Gnáthscaireanna** | | | |
| Tuilleamh coinnithe | | - | (702,563) |
| **Gnáthscaireanna iomlána** | | - | (702,563) |
| | | | |
| **Dliteanais** | | | |
| **Dliteanais neamhreatha** | | | |
| Dliteanais iarchurtha chánach | 6 | - | (1,817) |
| **Dliteanais neamhreatha ar an iomlán** | | - | (1,817) |
| | | | |
| **Dliteanais reatha** | | | |
| Trádáil agus suimeanna iníoctha eile | 13 | - | (14) |
| Dliteanais chánach reatha | 6 | - | (65) |
| **Dliteanais reatha iomlána** | | - | (79) |
| | | | |
| **Dliteanais iomlána** | | - | (1,896) |
| | | | |
| **Caipiteal gnáthscaireanna agus dliteanais ar an iomlán** | | - | (704,459) |

Le haghaidh agus thar ceann an Bhoird:

| | | |
|---|---|---|
| | | 27 Meán Fómhair 2024 |
| Cathaoirleach | Comhalta den Bhord | Dáta Faofa |



# Ráiteas faoi Athruithe sa Chothromas

## don tréimhse dar críoch an 1 Meitheamh 2024 agus don bhliain dar críoch an 31 Nollaig 2023

| | Nótaí | Tuilleamh coinnithe €'000 |
|---|---|---|
| **Ar an 1 Eanáir 2023** | | **(700,925)** |
| | | |
| Brabús don bhliain | | **(17,369)** |
| Aistriú go hUisce Éireann | 2(iii) | **945** |
| Ioncam cuimsitheach eile don bhliain | | **(12,523)** |
| **Ioncam cuimsitheach iomlán don bhliain** | | **(28,947)** |
| | | |
| Díbhinní | 16 | **27,309** |
| | | |
| **Amhail an 31 Nollaig 2023** | | **(702,563)** |
| | | |
| Brabús don bhliain | | **(43,768)** |
| Ioncam cuimsitheach eile don bhliain | | **(12,862)** |
| **Ioncam cuimsitheach iomlán don bhliain** | | **(56,630)** |
| | | |
| Díbhinní dearbhaithe | 16 | **44,018** |
| Aistriú na hinfheistíochta i Líonraí Gáis Éireann chuig an Rialtas | 2(i) | **688,298** |
| Aistriú na sócmhainní agus na ndliteanas chuig Líonraí Gáis Éireann | 2(ii) | **26,877** |
| **Amhail an 1 Meitheamh 2024** | | **-** |

Tá gach rud inchurtha i leith úinéirí chorparáid reachtúil Ervia.

# Ráiteas ar Shreafaí Airgeadais

## don tréimhse dar críoch an 1 Meitheamh 2024 agus don bhliain dar críoch an 31 Nollaig 2023

| | Nótaí | an tréimhse dar críoch an 1 Meitheamh 2024 €'000 | 31 Noll 2023 €'000 |
|---|---|---|---|
| **Glanairgead tirim ó ghníomhaíochtaí oibriúcháin** | 10 | **169** | (2,589) |
| | | | |
| **Sreabhadh airgid ó ghníomhaíochtaí infheistíochta** | | | |
| Díbhinní a fuarthas | 5 | **-** | 18,869 |
| Aisíocaíocht úis faighte (iasacht d'fhochuideachta) | | **-** | 7,422 |
| Fáltas a bhaineann le díol na Roinne fuinnimh | | **-** | 1,440 |
| **Glanairgead tirim ó ghníomhaíochtaí infheistíochta** | | **-** | 27,731 |
| | | | |
| **Sreabhadh airgid ó ghníomhaíochtaí maoinithe** | | | |
| Aisíocaíocht na hiasachta ó ghnóthas fochuideachta | | **-** | 5,100 |
| Díbhinní íoctha | 16 | **-** | (32,409) |
| Aistriú faoi rialú comhchoiteann | 2(ii)/(iii) | **(2,492)** | (12,202) |
| **Glanairgead tirim a úsáideadh i ngníomhaíochtaí maoiniúcháin** | | **(2,492)** | (39,511) |
| | | | |
| **Glanlaghdú ar airgead tirim agus ar choibhéisí airgid thirim** | 9 | **(2,323)** | (14,369) |
| Airgead tirim agus coibhéisí airgid thirim amhail an 01 Eanáir | 9 | **2,323** | 16,692 |
| **Airgead tirim agus coibhéisí airgid thirim an 1 Meitheamh / 31 Nollaig** | 9 | **-** | 2,323 |



# Nótaí a ghabhann leis na ráitis airgeadais


1. Ráiteas faoi na Beartais Chuntasaíochta
2. Sócmhainní agus Dliteanais a Aistríodh Faoi Rialú Coiteann
3. Costais Oibriúcháin
4. Sochair Fostaithe
5. Glanioncam Airgeadais
6. Cáin
7. Infheistíocht i bhfochuideachta
8. Trádáil agus Infháltais agus eile
9. Airgead Tirim agus Coibhéisí Airgid Thirim
10. Airgead Tirim Faighte ó Oibríochtaí
11. Sócmhainn Sochair Scoir
12. Deontais
13. Trádáil agus Suimeanna Iníoctha Eile
14. Dliteanais Theagmhasacha
15. Páirtithe Gaolmhara
16. Díbhinní
17. Fochuideachtaí
18. Iartheagmhais

# Nótaí a ghabhann leis na ráitis airgeadais

## 1. Ráiteas faoi na Beartais Chuntasaíochta

### Bunús an ullmhúcháin

Díscaoileadh Ervia, corparáid reachtúil a bunaíodh faoin Acht Gáis 1976 agus a bhfuil sainchónaí uirthi in Éirinn, le héifeacht ón 1 Meitheamh 2024, de bhun an Achta Gáis (Leasú) agus Forálacha Ilghnéitheacha 2024, ina ndearnadh foráil maidir le feidhmeanna, sócmhainní, agus dliteanais chorparáid reachtúil Ervia a aistriú ar an dáta sin. Féach nóta 2(ii) le haghaidh sonraí faoi na sócmhainní agus na dliteanais a aistríodh chuig Líonraí Gáis Éireann.

Déanann Líonraí Gáis Éireann, arbh fhochuideachta ar lánúinéireacht Ervia é roimhe seo, ráitis airgeadais díscaoilte chorparáid reachtúil Ervia a ullmhú de bhun alt 18 den Acht Gáis (Leasú) agus Forálacha Ilghnéitheacha 2024. Ullmhaítear na ráitis airgeadais de réir na gCaighdeán Idirnáisiúnta um Thuairisciú Airgeadais (IFRS) arna nglacadh ag an Aontas Eorpach agus cinntí cláir oibre Choiste Léirmhíniúcháin CITA (IFRIC), atá éifeachtach do na tréimhsí cuntasaíochta ag tosú an 1 Eanáir 2024 nó ina dhiaidh sin. Cuirtear na ráitis airgeadais i láthair in euro, agus iad slánaithe go dtí an míle is gaire agus ullmhaítear iad ar bhonn costais stairiúil. Cuireadh na beartais sin i bhfeidhm go comhleanúnach sna tréimhsí ar fad a chuirtear i láthair sna ráitis airgeadais seo, ach amháin nuair a ghlactar leis na caighdeáin nua (mar atá leagtha amach thíos).

De réir Alt 2 de IFRS 10, ceanglaítear ar eintiteas (an mháthairchuideachta) a rialaíonn eintiteas (fochuideachta) amháin nó níos mó, ráitis airgeadais chomhdhlúite a chur isteach. Toisc gur dhiúscair Ervia a infheistíocht i Líonraí Gáis Éireann le linn na tréimhse tuairiscithe airgeadais reatha, ní mheastar ag an dáta tuairiscithe gur máthairchuideachta é a thuilleadh. Dá bhrí sin, ní gá le ráitis airgeadais chomhdhlúite.

### Gnóthas Leantach

Níor ullmhaíodh na ráitis airgeadais ar choincheap an ghnóthais leantaigh. Tá an cur chuige sin iomchuí mar gheall ar chomhtháthú chorparáid reachtúil Ervia i Líonraí Gáis Éireann an 1 Meitheamh 2024, de bhun an Achta Gáis (Leasú) agus Forálacha Ilghnéitheacha 2024, lenar foráladh d'aistriú feidhmeanna, sócmhainní agus dliteanais uile chorparáid reachtúil Ervia, chuig Líonraí Gáis Éireann. Mar thoradh air sin, níl boinn tuisceana an ghnóthais leantaigh infheidhme maidir leis an eintiteas, ach níor imríodh tionchar ar bith ar na sócmhainní agus na dliteanais a aistríodh chuig Líonraí Gáis Éireann.

### Tréimhse na Cuntasaíochta

Ullmhaíodh na ráitis airgeadais seo don tréimhse ón 1 Eanáir 2024 go dtí dáta an díscaoilte an 1 Meitheamh 2024.

### Caighdeáin chuntasaíochta nua IFRS i bhfeidhm don tréimhse dar críoch an 1 Meitheamh 2024

Rinne an Grúpa na leasuithe caighdeán seo a leanas a ghlacadh, leasuithe nach bhfuil aon tionchar ábhartha ag baint leo ar thorthaí ná ar nochtuithe ráitis airgeadais an Ghrúpa:

- Leasuithe ar CIC 7 Ráiteas ar Shreafaí Airgeadais agus ar CITA Ionstraimí Airgeadais 7: Nochtadh: Socruithe Airgeadais Soláthraithe.
- Leasuithe ar Chur i Láthair na Ráiteas Airgeadais CIC 1: Dliteanais neamhreatha le Cúnaint.
- Leasuithe ar Chur i Láthair na Ráiteas Airgeadais CIC 1: Dliteanais a aicmiú mar Dhliteanais Reatha nó Neamhreatha - Cur Siar an Dáta Éifeachta.
- Leasuithe ar Chur i Láthair na Ráiteas Airgeadais CIC 1: Dliteanais a aicmiú mar Dhliteanais Reatha nó Neamhreatha.
- Leasuithe ar Léasanna IFRS 16: Dliteanas Léasa i nDíolachán agus Aisléasú.

### Caighdeáin agus léirmhínithe IFRS nua nár glacadh leo fós

Rinneadh na caighdeáin chuntasaíochta nua seo a leanas agus na leasuithe ar chaighdeáin atá ann cheana a eisiúint, ach níl siad in éifeacht go fóill don tréimhse chuntasaíochta seo nó níl tacaíocht ón AE ina leith go fóill:

- Leasuithe ar CIC 21 Éifeachtaí Athruithe ar Rátaí Malairte Eachtraí: Easpa Inmhalartaitheachta.
- Leasuithe ar IAS IFRS 9 agus IFRS 7: Leasuithe ar Aicmiú agus ar Thomhas Ionstraimí Airgeadais.
- Cur i Láthair agus Nochtadh IFRS 18 i Ráitis Airgeadais 2024.
- Fochuideachtaí IFRS 19 gan Cuntasacht Phoiblí: Nochtaí.



# Nótaí a ghabhann leis na ráitis airgeadais (ar lean)

## 1. Ráiteas um Beartais Chuntasaíochta (ar lean)

### Eolas faoi Bheartas Cuntasaíochta Ábhartha

#### a) Aistriú sócmhainní agus dliteanas ó eintiteas faoi rialú comhchoiteann

Nuair a aistrítear sócmhainní agus dliteanais idir eintitis atá faoi rialú comhchoiteann ag dáta an aistrithe, ní dhéantar na sócmhainní agus na dliteanais a thomhas ag a luachanna córa agus ina áit sin, déantar iad a thomhas bunaithe ar na luachanna anonn. Áirítear difríochtaí idir luach tugtha anonn comhiomlán na sócmhainní agus na ndliteanas (amhail dáta an idirbhirt) a aistrítear agus aon chomaoin a fhaightear sa chothromas mar dháileadh caipitil. Léiríonn suim tugtha anonn na sócmhainní ar dháta an idirbhirt aon chaillteanais lagaithe.

#### b) Infheistíocht i bhfochuideachtaí

Cuirtear infheistíochtaí i bhfochuideachtaí ar aghaidh mar chostas lúide aon mhuirir bhearnúcháin.

#### c) Acmhainn sochair scoir

**Scéim pinsin sochair sainithe**

I gcás scéimeanna a bhfuil sochar sainithe ag baint leo, úsáidtear Modh na n-Aonad Réamh-mheasta Creidmheasa leis an gcostas as sochair a chur ar fáil a mheas. Cuirtear athbhreithnithe achtúireacha i gcrích ar gach lá tuairiscithe. Déantar gnóthachain agus caillteanais achtúireacha a aithint ina n-iomlán sa tréimhse ina dtagann siad chun cinn. Aithnítear lasmuigh den chuntas brabúis nó caillteanais iad agus cuirtear i láthair iad in ioncam cuimsitheach eile.

Aithnítear an costas iar-sheirbhíse láithreach. Déantar an costas seirbhíse reatha agus gnóthachain agus caillteanais ar réitigh agus ciorrúcháin a mhuirearú ar chostais oibriúcháin, nó ar sholáthairtí i gcásanna ina ndearnadh soláthar ar dtús i gcomhar na gcostas bainteach mar chuid de sholáthar athstruchtúraithe a aithint. Cuirtear an ráta lascaine i bhfeidhm ar an nglandliteanas sainithe nó ar an nglansócmhainn shainithe ag tús na tréimhse chun an glanchostas úis ar phinsin a ríomh.

Is ionann an tsócmhainn sochair scoir arna haithint sa chlár comhardaithe agus luach reatha na hoibleagáide sochair sainithe le haghaidh na scéime agus luach cóir shócmhainní na scéime. Aithnítear luach cóir na gceart aisíocaíochta nuair a bhíonn Ervia i dteideal an chostais a bhaineann le seirbhís inphinsin roimhe seo a fháil ar ais ó chomhlachtaí eile san earnáil phoiblí nuair a dhéanann fostaithe incháilithe a dteidlíochtaí a bhaineann le seirbhís inphinsin – a thagann as seirbhís i gcomhlachtaí eile san earnáil phoiblí – a aistriú chuig scéim Ervia, i gcomhréir le Líonra Aistrithe na Seirbhíse Poiblí, atá á rialú le hAlt 4 den Acht Aoisliúntas agus Pinsean, 1963.

#### d) Sócmhainní agus Dliteanais Airgeadais

**Trádáil agus Infháltais Eile**

Aithnítear trádáil agus infháltais eile ar dtús ag an bpraghas idirbhearta atá infhála agus, ina dhiaidh sin, iompraítear iad ag an luach sin, mar nach bhfuil aon chomhpháirt shuntasach mhaoinithe ann, lúide liúntas cuí le haghaidh na gcaillteanas creidmheasa a mbeifí ag súil leo. Úsáidtear múnla don chaillteanas creidmheasa a bhfuiltear ag súil leis thar shaolré na sócmhainne chun foráil a dhéanamh maidir le caillteanais lagaithe, agus aithnítear an laige a bhfuiltear ag súil léi mar chostas sna caiteachais oibriúcháin. Áit is gá, cuirtear rátaí caillteanais ionchais i bhfeidhm chun an méid caillteanais creidmheasa ionchais a ríomh, bunaithe ar an bhfeidhmíocht iarbhír bailiúcháin airgid stairiúil, ar phróifíl an fhiachais de réir téarmaí. Cuirfear san áireamh mar chuid de sin tosca maicreacnamaíocha amach anseo agus tosca a bhaineann go sonrach leis na féichiúnaithe.

**Méideanna a bhí dlite ó fhochuideachtaí.**

Glactar gur sócmhainní airgeadais neamhdhíorthaigh na méideanna atá dlite ó fhiontar fochuideachtaí nach luaitear in aon mhargadh gníomhach. Cuirtear san áireamh iad sa trádáil reatha agus infháltais eile ar chlár comhardaithe na Máthairchuideachta, ach amháin dóibh siúd a bhfuiltear ag súil le go mbaileofar iad níos mó ná dhá mhí dhéag i ndiaidh dháta an chláir chomhardaithe, a chuirtear san áireamh leis an trádáil neamhreatha agus infháltais eile. Déantar iad sin a thaifeadadh ar dtús ag praghas an idirbhearta agus ina dhiaidh sin tá cuntas orthu ag an gcostas amúchta lúide an caillteanas creidmheasa a bhfuiltear ag súil leis.

# Nótaí a ghabhann leis na ráitis airgeadais (ar lean)

## 1. Ráiteas um Beartais Chuntasaíochta (ar lean)

**Airgead tirim agus coibhéisí airgid thirim**
Cuimsíonn airgead tirim airgead ar láimh agus taiscí éilimh. Is éard atá i gcoibhéisí airgid ná infheistíochtaí fíorleachtacha gearrthéarmacha is féidir a chomhshó go héasca go méideanna aitheanta airgid thirim agus a bhíonn faoi réir riosca neamhshuntasach maidir le hathruithe ar luach agus go gcoimeádtar iad chun críocha gealltanais gearrthéarmacha maidir le hairgead tirim a bhaint amach seachas d'infheistíocht nó chun críocha eile. Nuair atá na coinníollacha agus an intinn ann i leith frithháirimh, cuirtear iarmhéideanna airgid thirim agus iarmhéideanna rótharraingthe le chéile agus cuirtear an t-iarmhéid chomhcheangailte sin i láthair ar an gclár comhardaithe.

**Trádáil agus suimeanna iníoctha eile**
Déantar iníocthaigh trádála agus eile a thaifeadadh ar luach cóir i dtosach, ar gnách gurb é méid tosaigh an tsonraisc móide aon chostais idirbhirt atá inchurtha go díreach ina leith, agus a thugtar anonn ina dhiaidh sin ar chostas amúchta agus úsáid a bhaint as modh an ghlanráta úis.

**e) Glanioncam/Glanchostais Airgeadais**
Cuimsítear sna costais airgeadais ús éifeachtach ar iasachtaí agus glanchostais úis pinsin. Cuirtear an ráta lascaine i bhfeidhm ar an nglandliteanas sainithe nó ar an nglansócmhainn shainithe ag tús na tréimhse chun an glanchostas úis ar phinsin a ríomh.
Cuimsítear san ioncam airgeadais ioncam úis ar chistí a infheistíodh agus díbhinní a fuarthas. Déantar ioncam úis a aithint de réir mar a bhfabhraíonn sé i mbrabús nó caillteanas, ag baint úsáide as modh an úis ghlain.

**f) Cáin Ioncaim**
Cuimsíonn speansas cánach ioncaim cáin reatha agus iarchurtha. Aithnítear cáin ioncaim sa ráiteas ioncaim ach amháin sa mhéid a bhaineann sé le míreanna atá aitheanta go díreach i ngnáthscaireanna nó in ioncam cuimsitheach eile.

Is é atá sa cháin reatha ná an cháin iníoctha nó infhála mheasta ar an ioncam nó caillteanas inchánach don bhliain, agus úsáid á baint as rátaí cánach a achtaíodh nó a achtaíodh go substaintiúil ar an dáta tuairiscithe, agus aon choigeartú ar cháin iníoctha i dtaobh na mblianta roimhe sin. Déantar sócmhainní agus dliteanais chánach reatha a chúiteamh nuair atá ceart chun cúitimh ar féidir a chur i bhfeidhm de réir an dlí ann laistigh den údarás cánach céanna agus áit arb é an rún ná socrú ar ghlanbhonn nó an tsócmhainn a inréadú agus an dliteanas a shocrú ag an am céanna.

Aithnítear cáin iarchurtha i dtaca le difríochtaí sealadacha idir méideanna anonn sócmhainní agus dliteanas chun críocha tuairiscithe airgeadais agus na méideanna a úsáidtear chun críocha cánach. Déantar cáin iarchurtha a thomhas ag na rátaí cánach a bhfuil súil leo a bheidh i bhfeidhm sna tréimhsí ina bhfuiltear ag súil leis go n-iompóidh difríochtaí sealadacha, bunaithe ar rátaí cánacha agus dlíthe a achtaíodh nó a achtaíodh den chuid is mó roimh an dáta tuairiscithe.

Meastar go bhfuil sócmhainn chánach iarchurtha in-aisghabhála agus mar sin ní aithnítear í go dtí, ar bhonn na fianaise go léir atá ar fáil, gur dóchúil go mbeidh brabúis inchánach oiriúnacha sna blianta beaga atá amach romhainn, óna mbeifear in ann aisiompú na ndifríochtaí sealadacha bunúsacha a dhéaduchtú.

Déantar sócmhainní agus dliteanais chánach iarchurtha a chúiteamh nuair atá ceart chun cúitimh ar féidir a chur i bhfeidhm de réir an dlí ann laistigh den údarás cánach céanna agus áit arb é an rún ná socrú ar ghlanbhonn nó an tsócmhainn a inréadú agus an dliteanas a shocrú ag an am céanna.



# Nótaí a ghabhann leis na ráitis airgeadais (ar lean)

## 2. Sócmhainní agus Dliteanais a Aistríodh Faoi Rialú Coiteann

**(i) Aistriú chuig Scairshealbhóirí Rialtas na hÉireann – 1 Meitheamh 2024**
De bhun an Achta Gáis (Leasú) agus Forálacha Ilghnéitheacha 2024, an 1 Meitheamh 2024, cuireadh scaireanna Ervia i Líonraí Gáis Éireann ar ceal agus d'eisigh Líonraí Gáis Éireann 100 scair nua ar chomaoin nialais chuig na hAirí ábhartha. Léirítear leis an idirbheart thíos luach tugtha anonn infheistíocht Ervia i Líonraí Gáis Éireann, arna shealbhú ag costas lúide aon mhuirir bhearnúcháin.

| | | 1-Meith-24<br>€'000 |
|---|---|---|
| Infheistíocht i Líonraí Gáis Éireann | 7 | 688,298 |
| **An tIomlán a aistríodh** | | **688,298** |

**(ii) Aistriú chuig Líonraí Gáis Éireann – 1 Meitheamh 2024**
De bhun an Achta Gáis (Leasú) agus Forálacha Ilghnéitheacha 2024, an 1 Meitheamh 2024, aistríodh sócmhainní agus dliteanais uile chorparáid reachtúil Ervia a bhí fágtha chuig Líonraí Gáis Éireann.

| | | 1-Meith-24<br>€'000 |
|---|---|---|
| Airgead tirim agus coibhéisí airgid thirim | 9 | 2,492 |
| Acmhainn sochair scoir | 11 | 27,724 |
| Dliteanais iarchurtha chánach | 6 | (3,465) |
| Infháltais trádála agus infháltais eile - díbhinn a bhí dlite ó Líonraí Gáis Éireann[1] | 8 | 44,018 |
| Suimeanna iníoctha trádála agus suimeanna iníoctha eile - díbhinn iníoctha leis an Státchiste[1] | 13 | (44,018) |
| Infháltais trádála agus Infháltais eile - eile | 8 | 210 |
| Suimeanna iníoctha trádála agus suimeanna iníoctha eile - fabhrú | 13 | (10) |
| Dliteanas cánach reatha | 6 | (74) |
| **An tIomlán a aistríodh** | | **26,877** |

1 Níor íocadh díbhinn 2024 dar luach €44.018m arna dhearbhú ag Líonraí Gáis Éireann (mar atá leagtha amach i nóta 5) le Ervia sular díscaoileadh é an 1 Meitheamh 2024. De bhun an Achta Gáis (Leasú) agus Forálacha Ilghnéitheacha 2024, ghlac Líonraí Gáis Éireann an dliteanas díbhinne dar luach €44.018m ó Ervia do Stát na hÉireann (mar atá leagtha amach i nóta 16) in ionad an dliteanais sin.

**(iii) Aistriú go hUisce Éireann – An tréimhse dar críoch an 31 Nollaig 2023**
De bhun scaradh dlíthiúil Uisce Éireann ó Ervia an 1 Eanáir 2023, tá Scéim Aoisliúntais ar leithligh curtha ar bun chun sochair pinsin díreach mar an gcéanna a thabhairt, d'fhostaithe incháilithe a d'aistrigh ó Ervia, maidir le seirbhís amach anseo agus dearadh 'timfhillte' chun an nasc a choinneáil le tuarastal deiridh maidir le seirbhís inphinsin a rinneadh roimh an aistriú. Leagtar amach sa tábla thíos na tionchair ghaolmhara ar Ervia.

| | 31 Noll 2023<br>€'000 |
|---|---|
| Oibleagáid sochar sainithe dí-aitheanta | **12,866** |
| Sócmhainn Cánach Iarchurtha Ghaolmhar dí-aitheanta | **(1,609)** |
| Cúiteamh airgid a íocadh le hUisce Éireann | **(12,202)** |
| **An tIomlán a aistríodh** | **(945)** |

# Nótaí a ghabhann leis na ráitis airgeadais (ar lean)

## 3. Costais Oibriúcháin

| | | an tréimhse dar críoch an 1 Meitheamh 2024 €'000 | 31 Noll 2023 €'000 |
|---|---|---|---|
| Costas sochair fostaithe[1] | 4 | **(835)** | (3,262) |
| Seirbhísí fruilithe agus ar conradh | | **-** | (17) |
| Rátaí agus saoráidí | | **-** | (1) |
| Speansais oibriúcháin eile | | **(56)** | (151) |
| Athmhuirir d'fhochuideachta - Líonraí Gáis Éireann | | **56** | 169 |
| **Iomlán[1]** | | **(835)** | (3,262) |

1 Cuimsítear i gcostais oibriúcháin iomlána i ndiaidh athmhuirearú costas pinsin neamhairgid (is é sin, an glanchostas sochair sainithe de réir Pleananna Grúpa IAS 19), nach ngearrtar ar Líonraí Gáis Éireann arís.

### Sonraítear costais oibriúcháin tar éis go ngearrtar muirir: [2/3]

#### (a) Luach saothair an iniúchóra[2]

Ceapadh KPMG mar iniúchóir reachtúil an 12 Iúil, 2023, don tréimhse dar tús an 1 Eanáir 2024. Baineann na táillí iniúchóireachta do 2024, atá sonraithe thíos, le seirbhísí a sholáthair KPMG. Baineann na táillí iniúchóireachta comparáidí do 2023 le Deloitte Ireland CDT amháin.

| | an tréimhse dar críoch an 1 Meitheamh 2024 €'000 | 31 Noll 2023 €'000 |
|---|---|---|
| Iniúchadh ar na ráitis airgeadais | **(41)** | (33) |
| Seirbhísí árachais eile | **-** | (11) |
| Seirbhísí comhairleacha cánach | **-** | - |
| Seirbhísí neamhiniúchóireachta eile | **-** | (4) |
| **Iomlán** | **(41)** | (48) |

#### (b) Luachanna saothair chomhaltaí boird

| | an tréimhse dar críoch an 1 Meitheamh 2024 €'000 | 31 Noll 2023 €'000 |
|---|---|---|
| Táillí | **(59)** | (142) |
| Luach saothair an Phríomhoifigigh Feidhmiúcháin[3] | **(111)** | (269) |
| **Iomlán** | **(170)** | (411) |

Tá sonraí faoi chostas cuimsitheach an phacáiste luach saothair de chuid an Phríomhoifigigh Feidhmiúcháin mar seo a leanas:

| | an tréimhse dar críoch an 1 Meitheamh 2024 €'000 | 31 Noll 2023 €'000 |
|---|---|---|
| Buntuarastal | **(94)** | (225) |
| Sochair ghearrthéarmacha eile le haghaidh fostaithe | **(5)** | (13) |
| Sochair iarfhostaíochta - ranníocaíochtaí pinsin | **(12)** | (31) |
| **Iomlán** | **(111)** | (269) |

2 Thabhaigh Líonraí Gáis Éireann táillí luach saothair an iniúchóra go díreach in 2023 agus in 2024, thar ceann Ervia.

3 Thabhaigh Líonraí Gáis Éireann táillí luach saothair an POF go díreach in 2023 agus in 2024, thar ceann Ervia.



# Nótaí a ghabhann leis na ráitis airgeadais (ar lean)

## 4. Sochair Fostaithe

### Sochair chomhiomlána le haghaidh fostaithe

| | an tréimhse dar críoch an 1 Meitheamh 2024 €'000 | Noll 2023 €'000 |
|---|---|---|
| Sochair iarfhostaíochta - scéim shocair shainithe[1] | **(835)** | (3,262) |
| **Costas sochair fostaí arna mhuirearú ar an gcuntas brabúis nó caillteanais** | **(835)** | (3,262) |

1 Comhdhéanta de chostais pinsin neamh-airgid neamh-leithdháilte atá inchurtha i leith fostaithe incháilithe Líonraí Gáis Éireann, a ghlac páirt i scéim sochair sainithe Ervia.

Ba é meánlíon míosúil na bhfostaithe a sholáthair seirbhísí don Mháthairchuideachta nialas do 2024 (2023: nialas).

## 5. Glanioncam Airgeadais

| | an tréimhse dar críoch an 1 Meitheamh 2024 €'000 | Noll 2023 €'000 |
|---|---|---|
| **Roimh atomhais** | | |
| Díbhinn infhaighte ó Líonraí Gáis Éireann | **44,018** | 18,869 |
| Ioncam úis ar thaiscí gearrthéarmacha | **16** | 93 |
| Athrú ar mheastachán ar shreabhadh airgid ar chomaoin theagmhasach | **-** | 1,440 |
| Glanioncam úis ar an nglansócmhainn/glandliteanas sochair sainithe | **292** | (16) |
| Ús glan ar sócmhainní pinsin eile | **92** | 206 |
| Costais airgeadais eile | **(1)** | (31) |
| **Iomlán roimh atomhais** | **44,417** | 20,561 |
| **Atomhais** | | |
| Glan-athruithe ar luach cóir díorthach maoinithe | **-** | (10) |
| **Atomhais ina n-iomláine** | **-** | (10) |
| **Iomlán** | | |
| Ioncam airgeadais | **44,418** | 20,592 |
| Costais airgeadais | **(1)** | (41) |
| **Glanioncam Airgeadais** | **44,417** | 20,551 |

## 6. Cáin

### Cáin ioncaim

| | an tréimhse dar críoch an 1 Meitheamh 2024 €'000 | Noll 2023 €'000 |
|---|---|---|
| **Cáin reatha** | | |
| Cáin reatha | **(4)** | (1,898) |
| | **(4)** | (1,898) |
| **Cáin iarchurtha** | | |
| Údarú agus freaschur difríochtaí sealadacha | **75** | 1,968 |
| Coigeartuithe i dtaobh na mblianta roimhe seo | **115** | 10 |
| | **190** | 1,978 |
| **Cáin ioncaim iomlán** | **186** | 80 |

# Nótaí a ghabhann leis na ráitis airgeadais (ar lean)

## 6. Cáin (ar lean)

### An ráta cánach éifeachtach a idir-réiteach

| | an tréimhse dar críoch an 1 Meitheamh 2024<br>€'000 | 31 Noll 2023<br>€'000 |
|---|---|---|
| Brabús roimh cháin | **43,582** | 17,289 |
| | | |
| Cáin a gearradh ag 12.5% (2023: 12.5%) | **(5,448)** | (2,161) |
| Speansais nach bhfuil inasbhainte chun críocha cánach | **19** | (269) |
| Ioncam nach bhfuil inchánach | **5,502** | 2,539 |
| Coigeartuithe ar ioncam | **(2)** | (39) |
| Coigeartuithe i dtaobh na mblianta roimhe seo | **115** | 10 |
| **Cáin ioncaim iomlán** | **186** | 80 |

### Sócmhainní agus dliteanais chánach reatha

| | 1-Meith-24<br>€'000 | 31-Noll-23<br>€'000 |
|---|---|---|
| Dliteanais chánach reatha | **(74)** | (65) |
| Aistriú chuig Líonraí Gáis Éireann | **74** | - |
| **Iomlán** | **-** | (65) |

### Sócmhainní agus dliteanais chánach iarchurtha

| | Oibleagáidí pinsin<br>€'000 | Ús iníoctha<br>€'000 | Eile<br>€'000 | Iomlán<br>€'000 |
|---|---|---|---|---|
| **Ar an 1 Eanáir 2023** | 1,348 | (1,753) | 8 | (397) |
| Aitheanta sa ráiteas ioncaim | 225 | 1,753 | - | 1,978 |
| Aitheanta i gcothromas | (1,789) | - | - | (1,789) |
| Aistrithe chuig páirtí gaolmhar | (1,609) | - | - | (1,609) |
| **Amhail an 31 Nollaig 2023** | (1,825) | - | 8 | (1,817) |
| | | | | |
| Aitheanta sa ráiteas ioncaim | **198** | **-** | **(8)** | **190** |
| Aitheanta i gcothromas | **(1,838)** | **-** | **-** | **(1,838)** |
| Aistriú chuig Líonraí Gáis Éireann | **3,465** | **-** | **-** | **3,465** |
| **Amhail an 1 Meitheamh 2024** | **-** | **-** | **-** | **-** |

Níor aithníodh na sócmhainní cánach iarchurtha seo a leanas sa chlár comhardaithe toisc nach dócha go ndéanfar iad a aisghabháil go ceann i bhfad. Níl aon dáta éaga maidir le cathain is féidir sócmhainní cánach a úsáid.

| | 1-Meith-24<br>€'000 | 31-Noll-23<br>€'000 |
|---|---|---|
| Caillteanais chaipitil | **-** | 396 |



# Nótaí a ghabhann leis na ráitis airgeadais (ar lean)

## 7. Infheistíocht i bhfochuideachta

| | | 1-Meith-24<br>€'000 | 31-Noll-23<br>€'000 |
|---|---|---|---|
| **Costas** | | | |
| Ar an 1 Eanáir | | **688,298** | 688,298 |
| Breiseanna | | **-** | - |
| Cealú scaireanna i Líonraí Gáis Éireann | 2 | **(688,298)** | - |
| **Amhail an 1 Meitheamh 24 agus an 31 Nollaig 23** | | **-** | 688,298 |
| | | | |
| **Bearnúchán** | | | |
| Amhail an 1 Meitheamh 24 agus an 31 Nollaig 23 | | **-** | - |
| | | | |
| **Suim ghlanluacha** | | | |
| **Amhail an 1 Meitheamh 24 agus an 31 Nollaig 23** | | **-** | 688,298 |

## 8. Trádáil agus Infháltais agus eile

| | | 1-Meith-24<br>€'000 | 31-Noll-23<br>€'000 |
|---|---|---|---|
| Díbhinn a bhí dlite ó fhochuideachta ó Líonraí Gáis Éireann | 16 | **-** | - |
| Infháltais Eile | | **-** | 218 |
| **Iomlán** | | **-** | 218 |
| | | | |
| **Anailísithe mar seo a leanas:** | | | |
| Reatha | | **-** | 218 |
| **Iomlán** | | **-** | 218 |

Ar 1 Meitheamh 2024, aistríodh €44.3 milliún d'infháltais trádála agus d'infháltais eile chuig Líonraí Gáis Éireann, féach nóta 2.

Chuireadh corparáid reachtúil Ervia cur chuige simplithe IFRS 9 (ina n-úsáidtear Caillteanais Chreidmheasa Ionchasacha (CCI) saoil) i bhfeidhm chun CCI a thomhas le haghaidh infháltais trádála agus infháltais eile, seachas méideanna áirithe dlite ó fhochuideachtaí, a ndéantar iad a thomhas le cur chuige ginearálta IFRS 9. Níor aithníodh aon liúntais CCI le linn na dtréimhsí.

# Nótaí a ghabhann leis na ráitis airgeadais (ar lean)

## 9. Airgead Tirim agus Coibhéisí Airgid Thirim

Coinnítear airgid tirim agus coibhéisí airgid thirim chun gealltanais airgid a chomhlíonadh sa ghearrthéarma.

| | 1-Meith-24 €'000 | 31-Noll-23 €'000 |
|---|---|---|
| Taiscí bainc gearrthéarmacha | **-** | 1,000 |
| Airgead tirim ag an mbanc | **-** | 1,323 |
| Aistriú chuig Líonraí Gáis Éireann | **-** | - |
| **Iomlán** | **-** | 2,323 |

Ar 1 Meitheamh 2024, aistríodh €2.5 milliún d'airgead tirim agus coibhéisí airgid thirim chuig Líonraí Gáis Éireann, féach nóta 2.

| | 1-Meith-24 €'000 | 31-Noll-23 €'000 |
|---|---|---|
| **Ar an 1 Eanáir** | **2,323** | 16,692 |
| Méadú/laghdú ar airgead tirim agus ar choibhéisí airgid thirim sa ráiteas faoi shreafaí airgid | **169** | (14,369) |
| Aistriú chuig Líonraí Gáis Éireann | **(2,492)** | - |
| **Iomlán** | **-** | 2,323 |

## 10. Airgead Tirim Faighte ó Oibríochtaí

| | Nótaí | 2024 €'000 | 2023 €'000 |
|---|---|---|---|
| **Sreafaí airgid ó ghníomhaíochtaí oibriúcháin** | | | |
| Brabús don bhliain | | **43,768** | 17,369 |
| Coigeartuithe le haghaidh: | | | |
| • Glanioncam Airgeadais | 5 | **(44,417)** | (20,551) |
| • Costas sochair scoir | 4 | **835** | 3,262 |
| • Cáin ioncaim (creidmheas) | 6 | **(186)** | (80) |
| | | **-** | - |
| Athruithe ar chaipiteal oibre: | | | |
| Athruithe ar infháltais trádála agus eile | | **212** | 378 |
| Athrú ar thrádáil agus infháltais eile | | **(63)** | (795) |
| **Airgead tirim ó ghníomhaíochtaí oibriúcháin** | | **149** | (417) |
| Ús Faighte/(íoctha) | | **15** | (345) |
| Cáin ioncaim a fuarthas/(a íocadh) | | **5** | (1,827) |
| **Glanairgead tirim ó ghníomhaíochtaí oibriúcháin** | | **169** | (2,589) |



# Nótaí a ghabhann leis na ráitis airgeadais (ar lean)

## 11. Sócmhainn Sochair Scoir

### Scéim sochair sainithe

Ar 1 Meitheamh 2024, aistríodh Scéim Aoisliúntais Ervia, lena n-áirítear na sócmhainní agus na dliteanais go léir, chuig Líonraí Gáis Éireann de réir an Achta Gáis (Leasú) agus Forálacha Ilghnéitheacha 2024. Athainmníodh an Scéim Aoisliúntais ina dhiaidh sin mar Scéim Aoisliúntais Líonraí Gáis Éireann.

### Aistriú chuig Líonraí Gáis Éireann amhail an 1 Meitheamh 2024

| | €'000 |
|---|---|
| Luach cóir sócmhainní plean | 524,138 |
| Oibleagáid sochar sainithe | (502,805) |
| Glansócmhainn sochair scoir (roimh chearta aisíocaíochta) | 21,333 |
| Cearta ar aisíocaíocht) | 6,391 |
| **Glansócmhainn sochair scoir (i ndiaidh cearta aisíocaíochta)** | **27,724** |

### Scéim sochair sainithe - cúlra

Sular díscaoileadh é an 1 Meitheamh 2024, ba í corparáid reachtúil Ervia fostóir urraíochta scéim Aoisliúntais Ervia. Ghlac fostaithe incháilithe Líonraí Gáis Éireann páirt sa scéim le linn na tréimhse agus leanadh le cuntas a thabhairt ar an scéim mar Phlean Grúpa de réir IAS 19. Dá bhrí sin, bhí sócmhainn iomlán sochair scoir IAS 19 agus an glanchostas sochair shainithe le linn na tréimhse fós á n-aithint ag comhlacht corpraithe Ervia, agus ní raibh á aithint ag Líonraí Gáis Éireann fós ach costas na ranníocaíochtaí iníoctha don tréimhse i ndáil lena chuid fostaithe.

Ar 1 Meitheamh 2024, aistríodh sócmhainní an phlean, na hoibleagáidí pinsin agus na cearta aisíocaíochta ar an dáta sin chuig Líonraí Gáis Éireann, mar a leanas:

| | 1-Meith-24 €'000 | 31-Noll-23 €'000 |
|---|---|---|
| **Infheistíochtaí luaite i margaí gníomhacha:** | | |
| **Gnáthscaireanna** | **118,509** | 128,826 |
| • margaí forbartha | **106,367** | 114,465 |
| • margaí atá ag teacht chun cinn | **12,142** | 14,361 |
| **Bannaí** | **288,460** | 303,852 |
| • Fiachas rialtais | **234,839** | 226,475 |
| • Fiachas nach fiachas rialtais é | **53,621** | 77,377 |
| Cistí infheistíochta | **78,400** | 57,675 |
| Airgead | **1,886** | (343) |
| **Infheistíochtaí neamhluaite:** | | |
| Réadmhaoin/foraoiseacht | **2,698** | 2,588 |
| Bonneagar | **34,185** | 32,870 |
| **Luach cóir sócmhainní plean** | **524,138** | 525,468 |
| Oibleagáid sochar sainithe | **(502,805)** | (518,567) |
| **Glansócmhainn sochair scoir (roimh chearta aisíocaíochta)** | **21,333** | 6,901 |
| Cearta ar aisíocaíocht) | **6,391** | 6,719 |
| **Glansócmhainn sochair scoir (i ndiaidh cearta aisíocaíochta)** | **27,724** | 13,620 |
| Aistriú chuig Líonraí Gáis Éireann | **(27,724)** | - |
| **Iomlán** | **-** | 13,620 |

# Nótaí a ghabhann leis na ráitis airgeadais (ar lean)

## 11. Sócmhainn Sochair Scoir (ar lean)

### Sócmhainn Sochair Scoir

Ba mar seo a leanas an ghluaiseacht sa ghlansócmhainn sochair sainithe le linn na tréimhse in 2024 go dtí dáta an aistrithe:

Gluaiseacht sa ghlansócmhainn sochair scoir roimh chearta aisíocaíochta

| | Dliteanas sochair shainithe | | Luach cóir sócmhainní plean | | Oibleagáid glansochair shainithe | |
|---|---|---|---|---|---|---|
| | 1-Meith-24 €'000 | 31-Noll-23 €'000 | 1-Meith-24 €'000 | 31-Noll-23 €'000 | 1-Meith-24 €'000 | 31-Noll-23 €'000 |
| **Ar an 1 Eanáir** | **(518,567)** | (502,290) | **525,468** | 485,984 | **6,901** | (16,306) |
| **Ráiteas Ioncaim:** | | | | | | |
| Costas seirbhíse reatha | **(2,965)** | (6,435) | **-** | - | **(2,965)** | (6,435) |
| Costas seirbhíse san am a chuaigh thart | **-** | - | **-** | - | **-** | - |
| Leasuithe ar an bplean | **-** | - | **-** | - | **-** | - |
| Ús ar dhliteanais agus sócmhainní | **(6,916)** | (17,871) | **7,208** | 17,855 | **292** | (16) |
| | **(9,881)** | (24,306) | **7,208** | 17,855 | **(2,673)** | (6,451) |
| **Ioncam Cuimsitheach eile:** | | | | | | |
| Toradh ar shócmhainní plean, ioncam úis as an áireamh | **-** | - | **(5,959)** | 28,490 | **(5,959)** | 28,490 |
| Taithí (caillteanais)/gnóthachain ar dhliteanais | **(5,839)** | 2,617 | **-** | - | **(5,839)** | 2,617 |
| Athruithe ar thoimhdí airgeadais | **26,824** | (20,945) | **-** | - | **26,824** | (20,945) |
| Athruithe ar thoimhdí déimeagrafacha | **-** | 3,014 | **-** | - | **-** | 3,014 |
| Aistriú go hUisce Éireann - nóta 2 (iii) | **-** | 12,866 | **-** | - | **-** | 12,866 |
| | **20,985** | (2,448) | **(5,959)** | 28,490 | **15,026** | 26,042 |
| Ranníocaíochtaí ag fostóirí | **-** | - | **1,994** | 3,444 | **1,994** | 3,444 |
| Ranníocaíochtaí na gcomhaltaí | **(935)** | (2,551) | **935** | 2,551 | **-** | - |
| Sochair a íocadh | **5,602** | 13,065 | **(5,508)** | (12,856) | **94** | 209 |
| Costais seirbhíse reatha - soláthairtí | **(9)** | (37) | **-** | - | **(9)** | (37) |
| | **4,658** | 10,477 | **(2,579)** | (6,861) | **2,079** | 3,616 |
| **Iomlán (roimh an aistriú chuig Líonraí Gáis Éireann)** | **(502,805)** | (518,567) | **524,138** | 525,468 | **21,333** | 6,901 |
| Aistriú chuig Líonraí Gáis Éireann | **502,805** | - | **(524,138)** | - | **(21,333)** | - |
| **Iomlán** | **-** | (518,567) | **-** | 525,468 | **-** | 6,901 |

B'ionann meántréimhse ualaithe na hoibleagáide sochair sainithe amhail an 1 Meitheamh 2024 agus thart ar 17-18 mbliana (31 Nollaig 2023: 18 mbliana).



# Nótaí a ghabhann leis na ráitis airgeadais (ar lean)

## 11. Sócmhainn Sochair Scoir (ar lean)

Seo a leanas na príomhthoimhdí achtúireacha a úsáideadh:

| | 1-Meith-24 | 31-Noll-23 |
|---|---|---|
| Ráta lascaine | **3.70%** | 3.30% |
| Toimhde maidir le boilsciú | **2.45%** | 2.35% |
| Ráta an mhéadaithe ar thuarastail | **2.95%** | 2.85% |
| Ráta méadaithe ar íocaíocht pinsin | **2.45%** | 2.35% |

Seo a leanas an meánionchas saoil don todhchaí a tógadh san áireamh sa luacháil, bunaithe ar dhul ar scor ag 65 bliain d'aois, le haghaidh fostaithe atá ar scor faoi láthair agus a rachaidh ar scor amach anseo:

| | | 1-Meith-24 | 31-Noll-23 |
|---|---|---|---|
| Ag dul ar scor inniu | Mná | **24.8** | 24.8 |
| | Fir | **22.9** | 22.9 |
| Dul ar scor in 25 bliain | Mná | **26.9** | 26.9 |
| | Fir | **25.1** | 25.0 |

### Oibleagáid sochar sainithe - cearta ar aisíocaíocht

Sular díscaoileadh é an 1 Meitheamh 2024, ghlac comhlacht corparáideach Ervia páirt i Líonra Aistrithe na Seirbhíse Poiblí (PSTN). Tá an PSTN á rialú le halt 4 den Acht Aoisliúntas agus Pinsean, 1963 agus bhíodh fostaithe incháilithe ábalta a dteidlíochtaí seirbhíse inphinsin a aistriú chuig scéim Ervia. D'eascair teidlíochtaí sin as seirbhís le comhlachtaí eile san earnáil phoiblí atá páirteach. Maidir leis an gcostas a bhaineann leis an tseirbhís inphinsin roimh ré sin a mhaoiniú, bhí Ervia i dteideal an chostais sin a aisghabháil ó na comhlachtaí poiblí ábhartha i gcomhréir leis an bhforáil sa PSTN nuair a íoctar na sochair aoisliúntais ábhartha le haghaidh fostaithe. Rinne Ervia €0.1 milliún a aisghabháil i maoiniú le linn na tréimhse. Ar 1 Meitheamh 2024, rinne achtúire na scéime luach cóir na gceart aisíocaíochta, a mheastar gurb é luach láithreach na n-oibleagáidí gaolmhara é, a luacháil ag €6.4 milliún faoi bhoinn thuisceana IAS 19 (31 Nollaig 2023: €6.7 milliún) agus aistríodh na cearta aisíocaíochta sin chuig Líonraí Gáis Éireann de réir an Achta Gáis (Leasú) agus Forálacha Ilghnéitheacha 2024.

## 12. Deontais

| | 1-Meith-24 €'000 | 31-Noll-23 €'000 |
|---|---|---|
| **Ar an 1 Eanáir** | **-** | (42) |
| Is infhaighte sa bhliain | **-** | - |
| Arna chur chun sochair an ráitis ioncaim | **-** | 42 |
| **Iomlán** | **-** | - |

Níl aon choinníollacha nár comhlíonadh ag gabháil le deontais a aithnítear sa ráiteas ioncaim. In imthosca áirithe, d'fhéadfadh deontais éirí in-aisíoctha mura gcloífí leis na coinníollacha a leagadh síos sna comhaontuithe deontais. Aistríodh oibleagáidí uile chorparáid reachtúil Ervia maidir le comhaontuithe deontais chuig Líonraí Gáis Éireann an 1 Meitheamh 2024.

# Nótaí a ghabhann leis na ráitis airgeadais (ar lean)

## 13. Trádáil agus Suimeanna Iníoctha Eile

| | | 1-Meith-24 €'000 | 31-Noll-23 €'000 |
|---|---|---|---|
| Díbhinn a bhí dlite don Státchiste | 16 | - | - |
| Suimeanna iníoctha trádála | | - | (2) |
| Speansais fhabhraithe | | - | |
| Suimeanna iníoctha eile | | - | (12) |
| Cáin agus creidiúnaithe árachais shóisialaigh | | - | - |
| **Iomlán** | | - | (14) |
| **Anailísithe mar seo a leanas:** | | | |
| Neamh-reatha | | - | - |
| Reatha | | - | (14) |
| **Iomlán** | | - | (14) |

Ar 1 Meitheamh 2024, aistríodh suimeanna infhaighte trádála agus suimeanna infhaighte eile dar luach €44 milliún chuig Líonraí Gáis Éireann, féach nóta 2.

## 14. Dliteanais Theagmhasacha

Bhí Máthairchuideachta Ervia faoi réir dlíthíocht agus éilimh éagsúla i ngnáthchúrsa oibríochtaí roimh an díscaoileadh. Aistríodh na dliteanais theagmhasacha ar fad chuig Líonraí Gáis Éireann.

## 15. Páirtithe Gaolmhara

Bhí Ervia, corparáid reachtúil a bunaíodh faoin Acht Gáis 1976, faoi úinéireacht thairbhiúil 100% ag Stát na hÉireann.

**(a) Idirbhearta Coiteanna Rialaithe le Líonraí Gáis Éireann agus le Stát na hÉireann**
Féach nóta 2 le haghaidh sonraí faoi shócmhainní agus faoi dhliteanais a aistríodh chuig Líonraí Gáis Éireann agus chuig Stát na hÉireann, de bhun an Achta Gáis (Leasú) agus Forálacha Ilghnéitheacha 2024.

**(b) Idirbhearta le Fochuideachta Líonraí Gáis Éireann**
(i) Féach nóta 3 le haghaidh sonraí ar chostais oibriúcháin a thabhaigh Ervia agus a athghearradh ar Líonraí Gáis Éireann.
(ii) Féach nóta 5 le haghaidh díbhinní a dhearbhaigh Líonraí Gáis Éireann le Ervia.
(iii) Féach nóta 8 le haghaidh sonraí faoi iarmhéideanna páirtithe gaolmhara a bhí dlite ó Líonraí Gáis Éireann.
(iv) Féach nóta 11 le haghaidh sonraí faoi íocaíochtaí dar luach €1.994m (2023: €3.444m) a rinne Líonraí Gáis Éireann le Scéim Aoisliúntais Ervia, thar ceann fostaithe rannpháirteacha Líonraí Gáis, mar atá leagtha amach i nóta 11.

**(c) Díbhinní do Stát na hÉireann**
(i) Féach nóta 16 le haghaidh sonraí faoi idirbhearta díbhinní le Stát na hÉireann.

**(d) Cúiteamh an phríomhlucht bainistíochta agus leasanna na gcomhaltaí Boird**
Féach nóta 3 le haghaidh sonraí faoi luach saothair Bhord Ervia agus Phríomhoifigeach Feidhmiúcháin Ervia. Ní raibh aon leasanna tairbhiúla ag na comhaltaí Boird in Erivia ag aon uair le linn na bliana ná ag an dáta tuairiscithe.



Nótaí a ghabhann leis na ráitis airgeadais (ar lean)

## 16. Díbhinní

### Díbhinní fógartha

| | 2024 €'000 | 2023 €'000 |
|---|---|---|
| Chuig an Státchiste | **44,018** | 27,309 |
| **Iomlán** | **44,018** | 27,309 |

### Díbhinn íoctha

| | 2024 €'000 | 2023 €'000 |
|---|---|---|
| Díbhinn bhliantúil a íocadh leis an Státchiste | - | 25,869 |
| Díbhinn speisialta ar dhíolachán an ghnó Fuinnimh íoctha leis an Státchiste | - | 1,440 |
| Díbhinn iarchurtha a íocadh leis an Státchiste | - | 5,100 |
| **Iomlán** | - | 32,409 |

I mí an Mhárta 2024, d'fhaomh Bord Ervia dearbhú agus íocaíocht díbhinne bliantúla dar luach €44.018 milliún (2023: €25.869m), bunaithe ar 45% (2022: 45%) den bhrabús coigeartaithe na bliana roimhe, mar a ordaítear leis an Rialtas. Níor íocadh díbhinn 2024 dar luach €44.018m arna dhearbhú ag Líonraí Gáis Éireann (mar atá leagtha amach i nóta 5) le Ervia sular díscaoileadh é an 1 Meitheamh 2024. De bhun an Achta Gáis (Leasú) agus Forálacha Ilghnéitheacha 2024, ghlac Líonraí Gáis Éireann an dliteanas díbhinne dar luach €44.018m ó Ervia do Stát na hÉireann in ionad an dliteanais sin. D'íoc Líonraí Gáis Éireann an díbhinn de €44.018m le stát na hÉireann ina dhiaidh sin an 28 Meitheamh 2024.

Le linn 2023, íocadh díbhinn bhreise speisialta de €1.44m, i ndáil le díol an Ghnólachta Fuinnimh. Chomh maith leis sin, íocadh díbhinn iarchurtha de €5.1m, a coinníodh siar ó íocaíocht na díbhinne 2018 i ndiaidh comhaontú leis an Roinn Tithíochta, Rialtais Áitiúil agus Oidhreachta.

## 17. Fochuideachtaí

De bhun an Achta Gáis (Leasú) agus Forálacha Ilghnéitheacha 2024, cuireadh scairshealbhú Ervia i Líonraí Gáis Éireann ar ceal an 1 Meitheamh 2024. Roimh an dáta seo, bhí Líonraí Gáis Éireann ina fhochuideachta ar lánúinéireacht Ervia.

| An chuideachta | Nádúr an Ghnó | Oifig Chláraithe | Sealúchas Gnáth-scairchaipitil % |
|---|---|---|---|
| Líonraí Gáis Éireann | Tarchur Gáis | Bóthar na n-Oibreacha Gáis, Corcaigh. | 100% |

## 18. Iartheagmhais

Níor tharla aon teagmhais idir an dáta tuairiscithe agus an dáta ar ar fhaomh na Stiúrthóirí na ráitis airgeadais, a mbeadh coigeartú ar na ráitis airgeadais seo nó aon nochtuithe breise ag teastáil lena n-aghaidh.

ervia